Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meitheamh 2026
(OR. en)**

**11259/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0238(COD)**

**COH 126
RELEX 924
FIN 985
CADREFIN 316
POLGEN 184
CODEC 1340**

## TORADH NA nIMEACHTAÍ

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10161/26 + COR 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Réigiúnach lena n-áirítear le haghaidh Comhar Críochach Eorpach (Interreg) agus lena mbunaítear freisin an Ciste Comhtháthaithe mar chuid den Chiste a leagtar amach i Rialachán (AE) [...] [CNR] agus lena mbunaítear coinníollacha maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais don fhorbairt réigiúnach ó 2028 go 2034<br>– *Cur chuige ginearálta páirteach* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo téacs an chur chuige ghinearálta pháirtigh maidir leis an dréacht-Rialachán thuasluaite ar thángthas air ag cruinniú den Chomhairle (Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí) an 29 Meitheamh 2026[1]. Léirítear na hathruithe a rinneadh ar théacs an togra ón gCoimisiún (11768/25 + ADD 1) i g**cló trom** i gcás téacs a cuireadh isteach agus le [...] i gcás téacs a scriosadh.**[1]**

---

[1] Eisiatar na [forálacha idir lúibíní] ón gcur chuige ginearálta páirteach.

2025/0238 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**[…] maidir le […] Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa lena n-áirítear le haghaidh Comhar Críochach Eorpach (Interreg) agus lena mbunaítear freisin an Ciste Comhtháthaithe mar chuid den Chiste a leagtar amach i Rialachán (AE) [CNR] agus lena mbunaítear coinníollacha maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais don fhorbairt réigiúnach ó 2028 go 2034**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 177, 178 agus 349 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

[2] IO C, C/2026/875, 27.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/875/oj.
[3] IO C , , lch.

(1) Le hAirteagal 176 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), foráiltear go bhfuil sé beartaithe le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) cuidiú leis na príomh-mhíchothromaíochtaí réigiúnacha san Aontas a cheartú. De bhun an Airteagail sin agus […] Airteagal 174 CFAE, tá CFRE le rannchuidiú chun **comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a neartú trí** na héagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil, agus cúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla a laghdú, agus as na réigiúin sin, tá aird faoi leith le tabhairt ar **limistéir thuaithe, ar limistéir a bhfuil an trasdul tionsclaíoch ag dul dóibh, agus** ar réigiúin a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha orthu, lena n-áirítear míbhuntáistí a eascraíonn as meath déimeagrafach, ar nós na réigiún is faide ó thuaidh a bhfuil dlús fíoríseal daonra iontu, na n-oileán agus na réigiún trasteorann agus na réigiún sléibhteach.

(2) Cuireadh an Ciste Comhtháthaithe ar bun chun rannchuidiú leis an gcuspóir foriomlán comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta, agus críochach an Aontais a neartú trí ranníocaíochtaí airgeadais a chur ar fáil **sna Ballstáit ag a bhfuil OIN *per capita* is lú ná 90 % de mheán an Aontais, do thionscadail i** réimsí an chomhshaoil agus na ngréasán tras-Eorpach a mhéid a bhaineann leis an mbonneagar iompair (TEN-T), mar a leagtar amach i Rialachán (AE) […] **2024/1679** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4].

(3) Tá an tacaíocht sin ón Aontas faoi CFRE agus faoin gCiste Comhtháthaithe le soláthar faoin […] **gCiste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus um rathúnas agus slándáil mhuirí (‘an Ciste’)**, i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear an Ciste sin agus a leagtar amach i Rialachán (AE) [Rialachán CNR] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5].

---

**4** Rialachán (AE) […] **2024/1679** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an […] **13 Meitheamh 2024** maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, **lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010** agus lena n-aisghairtear […] **Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), (IO L 2024/1679, 28.6.2024,** lch. 1).

**5** IO …

(4) Leagtar amach i Rialachán (AE) XX [Rialachán CNR] na comhrialacha is infheidhme maidir le cistí éagsúla lena n-áirítear CFRE, Ciste Sóisialta na hEorpa ('CSE'), an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh ('CEMI'), an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht ('AMIF'), an Ciste Slándála Inmheánaí ('CSI') agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí ('IBTV') a oibríonn faoi chreat comhchoiteann ('na Cistí').

(5) Na prionsabail chothrománacha a leagtar amach in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ('CAE') agus in Airteagal 10 de CFAE, lena n-áirítear prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 5 de CAE, ba cheart iad a urramú agus CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe á gcur chun feidhme, agus an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh á cur san áireamh. Ba cheart do na Ballstáit urraim a thabhairt d'oibleagáidí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, agus ba cheart dóibh inrochtaineacht a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 9 den Choinbhinsiún sin, agus i gcomhréir le dlí an Aontais ina ndéantar comhchuibhiú ar na ceanglais rochtana maidir le táirgí agus seirbhísí. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún neamh-chomhionannais a dhíothú agus an comhionannas idir fir agus mná a chur chun cinn agus gné na hinscne a chomhtháthú, agus an t-idirdhealú bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar threoshuíomh gnéasach a chomhrac. Leis na Cistí níor cheart tacú le gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le leithscaradh d'aon chineál. Ba cheart cuspóirí CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe a shaothrú faoi chuimsiú na forbartha inbhuanaithe agus faoi chuimsiú iarrachtaí an Aontais an aidhm a chur chun cinn maidir le cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú, mar a leagtar amach in Airteagail 11 agus 191(1) de CFAE, agus an prionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' á chur san áireamh. Chun sláine an mhargaidh inmheánaigh a chosaint, cloífidh oibríochtaí dá dtairbhíonn gnóthais le rialacha maidir leis an státchabhair mar a leagtar amach in Airteagail 107 agus 108 de CFAE.

(6) Ba cheart do CFRE agus don Chiste Comhtháthaithe rannchuidiú leis na […] cuspóirí **ginearálta** a leagtar amach in […] Airteagal 2 **de Rialachán (AE) [Rialachán CNR] agus leis na cuspóirí sonracha ábhartha a leagtar amach in Airteagal** 3 de Rialachán (AE) [Rialachán CNR], faoina raon feidhme ar leith a leagtar amach sna Conarthaí. Is gá na **coinníollacha le haghaidh** […] **chur chun feidhme na** tacaíochta ó CFRE a shonrú a thuilleadh agus**, i gcás inarb ábhartha,** ón gCiste Comhtháthaithe a chur chun feidhme do limistéir faoi mhíbhuntáiste, do limistéir uirbeacha**, do réigiúin a bhfuil dúshláin struchtúracha shonracha rompu mar gheall ar a suíomh ag teorainneacha seachtracha an Aontais, go háirithe réigiúin teorann an Oirthir a bhfuil an dá dhúshlán rompu an athléimneacht agus an tslándáil shibhialta a neartú agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar na tionchair shocheacnamaíocha shóisialta a léirítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le réigiúin Oirthearacha an Aontais atá ar theorainn na Rúise, na Bealarúise nó na hÚcráine** agus na réigiún is forimeallaí**, chun cóineasú aníos a chur chun cinn ar fud an Aontais. Is gá freisin na coinníollacha a shonrú a thuilleadh maidir le cur chun feidhme na tacaíochta do na Ballstáit lena mbaineann do thionscadail i réimsí an chomhshaoil agus na ngréasán tras-Eorpach i réimse an bhonneagair iompair (GTE-I).** Thairis sin, is gá forálacha a leagan síos maidir le cur chun feidhme an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg).

(7) I gcomhréir le prionsabal na cothroime idirghlúine agus le tiomantas an Aontais do chearta an linbh agus don Straitéis Óige, ba cheart do CFRE […] **a bheith in ann** tacú le bearta a rannchuidíonn le forbairt inbhuanaithe do na glúnta atá le teacht, rochtain ar dheiseanna do dhaoine óga ar fud na gcríoch uile a chur chun cinn, agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na hóige i limistéir faoi mhíbhuntáiste, go háirithe i réigiúin atá faoi mhíbhuntáiste agus atá ag bánú, lena n-áirítear bonneagar le haghaidh scileanna, nuálaíochta, fiontraíochta, **aistriú cóir,** slite beatha inbhuanaithe […], cultúr nó spóirt **agus an chirt fanachta**. Féadfar tacaíocht den sórt sin a chur chun feidhme trí straitéisí comhtháite uirbeacha nó áitiúla.

(8) […] Níor cheart tacaíocht a sholáthar do ghníomhaíochtaí a rannchuidíonn le leithscaradh nó eisiamh d'aon chineál i leith daoine faoi mhíchumas agus […] pobail **imeallaithe** […]**. Maidir leis na Ballstáit agus go háirithe na Ballstáit sin ina bhfuil pobail mhóra Romacha, agus ina bhfuil dúshláin acu freisin, ba cheart dóibh aird ar leith a thabhairt ar chomhionannas agus cuimsiú na Romach**.

(9) D'fhonn forbairt uirbeach inbhuanaithe a chur chun cinn, meastar gur gá tacú le forbairt chríochach chomhtháite chun dul i ngleic ar bhealach níos éifeachtaí leis na dúshláin eacnamaíocha, chomhshaoil, aeráide, dhéimeagrafacha agus shóisialta a dhéanann difear do limistéir uirbeacha, lena n-áirítear limistéir uirbeacha fheidhmiúla, agus an gá atá le naisc idir limistéir uirbeacha agus thuaithe a chur chun cinn á chur san áireamh an tráth céanna. Ba cheart bearta lena léirítear na cineálacha cur chuige sin a bhunú […] sna Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.

(10) Ba cheart aird shonrach a thabhairt ar na réigiúin is forimeallaí, is é sin trí bhearta a ghlacadh faoi Airteagal 349 de CFAE ina ndéantar foráil maidir le bearta le haghaidh na réigiún is forimeallaí chun fritháireamh a dhéanamh ar na costais bhreise a bhíonn ar na réigiúin sin de bharr ceann amháin nó níos mó de na bacainní buana dá dtagraítear in Airteagal 349 de CFAE, is é sin an iargúltacht, an t-oileánachas, easpa méide, topagrafaíocht agus aeráid achrannach, spleáchas eacnamaíoch ar líon beag táirgí, ar deacrachtaí buana iad a chuireann bac mór ar an bhforbairt sna réigiúin sin le chéile. Chun iomláine an mhargaidh inmheánaigh a chosaint, agus faoi mar atá i gcás na n-oibríochtaí ar fad atá á gcómhaoiniú ag CFRE agus ag an gCiste Comhtháthaithe, aon tacaíocht ó CFRE chun cabhair oibriúcháin nó infheistíochta a mhaoiniú sna réigiúin is forimeallaí, ba cheart don tacaíocht sin a bheith i gcomhréir leis na rialacha maidir leis an státchabhair faoi mar a leagtar amach in Airteagail 107 agus 108 de CFAE.

(11) Chun tacú le forbairt chomhchuí chríoch an Aontais ar leibhéil éagsúla, ba cheart do CFRE […] **tríd an bPlean** um Interreg tacú le comhar trasteorann, comhar trasnáisiúnta, comhar idir-réigiúnach, agus **comhar na** réigiún is forimeallaí […].

**(11a) Le comhar trasteorann, ba cheart aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint go comhpháirteach i réigiúin teorann agus cuidiú le leas a bhaint as a n-acmhainneacht neamhshaothraithe. Ba cheart comhar le tíortha, réigiúin nó críocha lasmuigh den Aontas a bheith i gceist leis freisin. Ba cheart réigiúin agus limistéir ar an teorainn nó nach bhfuil níos mó ná 150 km den fharraige ó chéile a chumhdach sa tsraith, i gcás inar féidir idirghníomhaíocht trasteorann a dhéanamh nó inar féidir limistéir fheidhmiúla a shainaithint, gan dochar do choigeartuithe féideartha a bhfuil gá leo chun an comhtháthú agus an leanúnachas a áirithiú.**

**(11b) Agus straitéisí macrairéigiúnacha agus straitéisí imchuach farraige á gcur san áireamh, ba cheart do shraith an chomhair thrasnáisiúnta comhar thar chríocha móra nó timpeall imchuacha farraige a neartú agus solúbthacht ann chun an comhtháthú agus an leanúnachas a áirithiú, trí ghníomhaíochtaí lena dtacaítear le comhtháthú críochach, ina bhfuil comhpháirtithe ó Bhallstáit agus ó Stáit nach Ballstáit iad rannpháirteach, agus lánurraim á tabhairt don choimhdeacht.**

**(11c) Le sraith an chomhair idir-réigiúnaigh, ba cheart rannchuidiú le héifeachtacht an bheartais comhtháthaithe a neartú trí dhea-chleachtais agus cineálacha cur chuige nuálacha a shainaithint, a mhalartú agus a aistriú chun tacú leis na cuspóirí sonracha agus na cuspóirí a bhaineann go sonrach le Interreg; trí acmhainneacht údaráis Interreg a neartú; trí thaithí agus fothú acmhainneachta a mhalartú maidir le forbairt uirbeach inbhuanaithe chomhtháite; agus trí anailís a dhéanamh ar threochtaí forbartha chun tacú le cuspóir an chomhtháthaithe chríochaigh. Is iomchuí, dá bhrí sin, caibidlí tiomnaithe a áireamh sa Phlean um Interreg chun tacú leis an gcomhar idir-réigiúnach, lena gcumhdófaí an tAontas ina iomláine agus lena bhféadfaí Stáit nach Ballstáit iad a bheith rannpháirteach.**

**(11d) Le sraith comhair le haghaidh na réigiún is forimeallaí, ba cheart do na réigiúin is forimeallaí a bheith in ann comhtháthú níos fearr a dhéanamh ina n-imchuacha réigiúnacha faoi seach trí chomhar lena dtíortha agus lena gcríocha comharsanacha ar an mbealach is éifeachtaí agus is simplí, agus a srianta struchtúracha á gcur san áireamh agus foráil á déanamh do bhearta sonracha dá bhforáiltear in Airteagal 349 CFAE.**

**(11e) Ba cheart solúbthacht a bheith ag na Ballstáit acmhainní a aistriú idir na sraitheanna laistigh de theorainneacha sainithe.**

(12) Ba cheart Interreg a chur chun feidhme lasmuigh de na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, i bhfoirm Plean um Interreg d'fhonn foráil a dhéanamh do chomhthéacs sonrach chuspóir an chomhair agus na módúlachtaí cur chun feidhme is gá le haghaidh tionscadail ilnáisiúnta lena n-áirítear sainiúlachtaí na gceithre shraith. **Forálacha maidir le caibidlí den Phlean um Interreg a ullmhú, a fhormheas agus a leasú, maidir leis an gcoiste faireacháin agus maidir le feidhmeanna údaráis na gcaibidlí, ba cheart iad a sholáthar agus sainiúlachtaí na gcaibidlí den Phlean um Interreg á gcur san áireamh. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis na caibidlí den Phlean um Interreg a fhormheas, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún freisin leasuithe ar chaibidlí den Phlean um Interreg a fhormheas, ar bhonn iarrataí réasúnaithe arna gcur isteach ag an mBallstát atá ina óstach ar an údarás bainistíochta. Níor cheart dó a bheith riachtanach cinneadh ón gCoimisiún a ghlacadh chun botúin chléireachais a cheartú ná chun mionchoigeartuithe a dhéanamh. Nuair a ghlacann an Coimisiún cinneadh lena bhformheastar caibidil den Phlean um Interreg, ba cheart dó a bheith ina chinneadh maoiniúcháin de réir bhrí Airteagal 110(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]. Chun caibidlí den Phlean um Interreg a chuirtear isteach ag amanna éagsúla a fhormheas ina dhiaidh sin, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann cinntí leasaitheacha a ghlacadh ionas go n-áireofar gach caibidil fhormheasta den Phlean um Interreg i gcinneadh comhdhlúite amháin. Ba cheart an sprioc-am chun cinneadh a ghlacadh lena leasaítear gnéithe de chaibidil den Phlean um Interreg a leagan amach freisin, lena n-áirithítear cur chun feidhme tráthúil na caibidle den Phlean um Interreg, agus lena gcuirtear ar chumas an Choimisiúin an próiseas cinnteoireachta a bhainistiú ar bhealach lena n-íoslaghdaítear, a mhéid is féidir, minicíocht na leasuithe ar an gcinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún.**

---

6 **Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) - PE/99/2023/REV/1 - (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).**

**(12a) Maidir le gnóthuithe i gcásanna neamhrialtachtaí, ba cheart slabhra soiléir dliteanais airgeadais a bhunú ó chomhpháirtithe aonair nó ó chomhpháirtithe eile, tríd an gcomhpháirtí cinn agus tríd an údarás bainistíochta, chuig an gCoimisiún. Ba cheart oibleagáidí an chomhpháirtí cinn maidir le gnóthú a shoiléiriú i ndáil leis sin. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le dliteanas Ballstát agus Stát nach Ballstáit iad, i gcás inarb infheidhme, i gcás nach n-éiríonn leis an ngnóthú ón gcomhpháirtí aonair nó ón gcomhpháirtí cinn, agus sa chás sin aisíocann an Ballstát nó an Stát nach Ballstát é an t-údarás bainistíochta. Ba cheart na rialacha a shoiléiriú i gcásanna nach ndéanann Ballstát, nó Stát nach Ballstát é, i gcás inarb infheidhme, aisíocaíocht leis an údarás bainistíochta. Ba cheart na rialacha sin a bheith gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin ceartúcháin airgeadais a chur i bhfeidhm i gcomhréir le [Rialachán CNR].**

(13) **Le tacaíocht ón gCiste tríd an** […] **bPlean** um Interreg […] faoin Rialachán seo **ba cheart** rannchuidiú leis […] na cuspóirí sonracha **ábhartha a leagtar amach i [Rialachán CNR]**. Ina theannta sin, ba cheart di rannchuidiú le cuspóirí sonracha breise chun aghaidh a thabhairt ar […] 'rialachas comhair níos fearr', 'Eoraip níos sábháilte agus níos sláine' agus 'réigiúin níos athléimní a bhfuil teorainn acu leis an Rúis, leis an mBealarúis […] **nó** leis an Úcráin'. **D'fhéadfaí a chumhdach freisin le cuspóir sonrach Interreg a thacaíonn le 'réigiúin níos athléimní a bhfuil teorainn acu leis an Rúis, leis an mBealarúis nó leis an Úcráin'** gníomhaíochtaí **comhair** […] **leis an Moldóiv i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le réigiúin níos athléimní a bhfuil teorainn acu leis an Rúis, leis an mBealarúis nó leis an Úcráin**[7].

[7] **COM(2026) 82.**

(14) **Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme**, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na liostaí de na caibidlí den **Phlean** um Interreg […]**,** an liosta den mhéid foriomlán ó thacaíocht an Aontais do gach caibidil den **Phlean** um Interreg a ghlacadh agus a leasú**, agus chun socruithe mionsonraithe a leagan amach lena gcumhdaítear módúlachtaí sonracha cur chun feidhme Interreg.** Ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme sin a fheidhmiú i gcomhréir leis **an nós imeachta scrúdúcháin a leagtar síos in Airteagal 5 de** Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún. […][8].

(15) Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit caibidlí a ullmhú freisin d'fhonn gnéithe fíor-riachtanacha clársceidealaithe a leagan amach chun tacaíocht a chur chun feidhme. Ba cheart na caibidlí sin a bheith faoi réir fhormheas an Choimisiúin go tráthrialta.

(16) Chun an úsáid is éifeachtúla is féidir a bhaint as an tacaíocht ó CFRE agus ó ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais, ba cheart sásra a chur ar bun chun socrú a dhéanamh an tacaíocht sin a chur ar ais i gcásanna nach féidir […] na **caibidlí den Phlean um Interreg** maidir le comhar seachtrach a ghlacadh nó i gcás inar gá scor díobh, lena n-áirítear é sin le tríú tíortha nach bhfaigheann tacaíocht ó aon ionstraim mhaoinithe de chuid an Aontais. Leis an sásra sin, ba cheart féachaint le feidhmiú barrmhaith na […] **gcaibidlí den Phlean um Interreg** a bhaint amach mar aon leis an gcomhordú is mó agus is féidir idir na hionstraimí sin.

---

8 […]

(17) Chun bearta comhair a spreagadh agus a threisiú, ba cheart gníomhaíochtaí comhair idir comhpháirtithe laistigh de Bhallstát ar leith nó idir Ballstáit éagsúla i ndáil leis an tacaíocht arna soláthar, ba cheart iad a bheith fós indéanta faoi na cuspóirí sonracha uile. Tá comhar feabhsaithe den sórt sin sa bhreis ar an gcomhar faoi Interreg agus d'fhéadfadh comhpháirtithe ó aon réigiún san Aontas a bheith rannpháirteach ann, ach féadfar réigiúin trasteorann agus réigiúin a chumhdaítear le straitéis mhacraiéigiúnach nó straitéis imchuach farraige nó meascán den dá straitéis a chuimsiú ann freisin.

(18) I gcomhthéacs na gcúinsí uathúla agus sonracha ar oileán na hÉireann, agus d'fhonn tacú leis an gcomhar Thuaidh-Theas faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta, ba cheart do chaibidil trasteorann nua […] **'PEACEPLUS'**, leanúint agus cur leis an obair a rinneadh faoi chláir a bhí ann roimhe seo idir contaetha teorann na hÉireann agus Thuaisceart Éireann. Agus an tábhacht phraiticiúil a bhaineann leis an gcaibidil á cur san áireamh, is gá a áirithiú, agus tacaíocht á tabhairt do ghníomhaíochtaí ar son na síochána agus an athmhuintearais, gur cheart do CFRE rannchuidiú freisin le cobhsaíocht shóisialta, eacnamaíoch agus réigiúnach a chur chun cinn sna réigiúin lena mbaineann, go háirithe trí bhíthin gníomhaíochtaí chun comhtháthú idir pobail a chur chun cinn. I bhfianaise shainiúlachtaí na caibidle […] **'PEACEPLUS'**, ba cheart í a bhainistiú ar mhodh comhtháite agus déanfar ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe a chomhtháthú in […] **'PEACEPLUS'** mar ioncam sannta seachtrach.

(19) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú go leormhaith, is é sin comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a dhaingniú trí na príomh-mhíchothromaíochtaí san Aontas a cheartú, ach gur féidir leo, de bharr mhéid na n-éagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil, cúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla agus an srian atá ar acmhainní airgeadais na mBallstát agus na réigiún, gur féidir leo an cuspóir sin a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 de CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú,

**(20) Chun leanúnachas a áirithiú maidir le tacaíocht a sholáthar agus chun gur féidir cur chun feidhme comhleanúnach tráthúil a dhéanamh ó thús chreat airgeadais ilbhliantúil 2028 go 2034, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,**

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# CAIBIDIL I

# Forálacha ginearálta

Airteagal 1

**Ábhar**

**[**Leagtar síos leis an Rialachán seo coinníollacha sonracha maidir le tacaíocht ón Aontas a chur chun feidhme i gcomhréir leis na cuspóirí ginearálta a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán (AE) [Rialachán CNR], agus go háirithe pointe (a) agus pointe (e) de.**]**

Leagtar síos leis freisin na forálacha is gá chun tacaíocht ón Aontas a chur chun feidhme chun comhar críochach Eorpach ('Interreg') a chur chun cinn d'fhonn comhar a chothú idir na Ballstáit agus a réigiúin laistigh den Aontas agus idir na Ballstáit, a réigiúin agus tríú tíortha, tíortha comhpháirtíochta, críocha eile nó tíortha agus críocha thar lear (TCTLanna), nó eagraíochtaí um lánpháirtiú agus comhar réigiúnach.

**[**Soláthrófar an tacaíocht sin ón Aontas faoin gCiste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear an Ciste sin agus a leagtar amach i Rialachán (AE) [Rialachán CNR].**]**

Airteagal 2

**Tacaíocht ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe**

**1.** Tacóidh CFRE […] **faoina raon feidhme**, leis na cuspóirí sonracha **ábhartha** […] a leagtar amach **in Airteagal 3(1) agus go háirithe i bpointí (a), (b), (c) agus (e) de** […] Rialachán (AE) [Rialachán CNR] **d'fhonn comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú agus éagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil a laghdú, agus riachtanais agus dúshláin shonracha an Bhallstáit agus na réigiún lena mbaineann á gcur san áireamh,** lena rannchuidítear leis an gcuspóir ginearálta a leagtar amach in Airteagal 2(1)(a) de Rialachán (AE) [Rialachán CNR] i gcomhréir lena […] raon feidhme féin a leagtar amach in Airteagail **174**, 176 agus 177 CFAE.

**2. I gcomhréir le hAirteagal 22(2)(a) den [Rialachán CNR], tacóidh an Ciste Comhtháthaithe le tionscadail i réimsí an chomhshaoil agus na ngréasán tras-Eorpach i réimse an bhonneagair iompair.**

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

(1) Ciallaíonn ‘Comhar Críochach Eorpach (Interreg)’ comhar idir na Ballstáit agus a réigiúin laistigh den Aontas agus idir na Ballstáit, a réigiúin agus Stáit nach Ballstáit iad, nó eagraíochtaí um lánpháirtiú agus comhar réigiúnach, a **fhaigheann tacaíocht** ón […] gCiste agus, i gcás inarb infheidhme, an Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda.

(2) Ciallaíonn ‘Stát nach Ballstát é’ […] tríú tíortha nó críocha tíortha comhpháirtíochta chomh maith le tíortha agus críocha thar lear **(TCTLanna)** de chuid na mBallstát.[9]

**(3) Ciallaíonn ‘tír chomhpháirtíochta’ Stát nach Ballstát é a fhaigheann tacaíocht faoin Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda.**

**(4) Ciallaíonn ‘tríú tír’ Stát nach Ballstát é nach bhfaigheann tacaíocht ón gCiste tríd an bPlean um Interreg nó ón Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda; agus a rannchuidíonn leis an bPlean um Interreg trína acmhainní féin nó trí ioncam sannta seachtrach do bhuiséad an Aontais.**

---

[9] **Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir le comhlachas na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an Aontas Eorpach (an Cinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear) (IO L 344, 19.12.2013, lch. 1). An 3 Meán Fómhair 2025, d’fhoilsigh an Coimisiún Eorpach togra reachtach (COM(2025) 599 final) chun Cinneadh (AE) 2021/1764 a leasú. Tá an chaibidlíocht sin fós ar bun.**

Chun […] **críocha** an […] **Rialacháin** seo, i gcás ina dtagraíonn forálacha in Airteagail […] **58** [Freagrachtaí na mBallstát], […] **59** [an pacáiste dearbhaithe bliantúil a chur isteach], […] **63** [Bailiú agus taifeadadh sonraí], agus […] **65** [Iarratais ar íocaíocht a chur isteach agus a mheasúnú] de Rialachán (AE) [Rialachán CNR] do 'Bhallstát', forléireofar an téarma sin mar théarma a chiallaíonn 'an Ballstát atá ina óstach ar an údarás bainistíochta' **agus i gcás ina dtagraíonn siad do 'Gach Ballstát' nó 'Ballstáit' forléireofar é sin mar 'na Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, tríú tíortha, tíortha comhpháirtíochta agus tíortha agus críocha thar lear atá rannpháirteach i gclár Interreg ar leith'.**

**(5) Ciallaíonn 'eagraíocht um lánpháirtiú agus comhar réigiúnach', i gcomhthéacs chomhar na réigiún is forimeallaí, grúpa de thríú tíortha nó de réigiúin san aon limistéar geografach amháin a bhfuil mar aidhm acu oibriú go dlúth le chéile ar shaincheisteanna leasa choitinn, ar grúpa é a bhféadfaidh na Ballstáit a bheith rannpháirteach ann freisin.**

**(6) Ciallaíonn 'Údarás Náisiúnta', chun críocha an Rialacháin seo agus i gcás inarb infheidhme, comhlacht poiblí i mBallstát nó i Stát nach Ballstát é atá freagrach as tacú leis an údarás bainistíochta ina chúraimí cur chun feidhme maidir le caibidil den Phlean um Interreg ar a chríoch.**

**(7) Ciallaíonn 'comhar maidir le teorainneacha seachtracha' comhar Interreg agus an chaibidil chomhfhreagrach a fhaigheann tacaíocht ón Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda.**

**(8) Ciallaíonn 'príomh-chomhpháirtí' ceann de na comhpháirtithe arna n-ainmniú amhlaidh ag na comhpháirtithe uile in oibríocht Interreg a bhfuil baint ag dhá chomhpháirtí nó níos mó léi, atá freagrach as cur chun feidhme na hoibríochta Interreg ina hiomláine a áirithiú agus ar soláthraíodh an doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta dó.**

**(9) Ciallaíonn 'ciste le haghaidh tionscadail bheaga' oibríocht i mbeart de chaibidil den Phlean um Interreg atá dírithe ar roghnú agus cur chun feidhme tionscadal a bhfuil méid teoranta airgeadais iontu, lena n-áirítear gníomhaíochtaí idir daoine.**

*Airteagal 4*

**Tacaíocht do limistéir faoi mhíbhuntáiste**

1. I gcomhréir le hAirteagal 174 CFAE, tabharfaidh na Ballstáit […] **aghaidh ar dhúshláin na réigiún agus na limistéar faoi mhíbhuntáiste ina bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí**, go háirithe na **réigiúin is mídheisiúla**, **limistéir** thuaithe, limistéir **inmheánacha**, limistéir a bhfuil an trasdul tionsclaíoch ag déanfar difir dóibh, réigiúin a bhfuil míbhuntáistí géara buana nádúrtha nó baic dhéimeagrafacha orthu, amhail na réigiúin is faide ó thuaidh a bhfuil dlús fíoríseal daonra iontu agus na réigiúin oileánacha, trasteorann agus sléibhteach, agus chomh maith leis sin limistéir um aistriú cóir […]**,** réigiúin atá ar theorainn na Rúise, na Bealarúise **nó** […] na hÚcráine, **agus réigiúin atá lonnaithe ar theorainneacha seachtracha an Aontais.** Déanfaidh na Ballstáit, […] i gcás inarb iomchuí, cur chuige comhtháite a leagan amach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha nó ar riachtanais shonracha na réigiún agus na limistéar dá dtagraítear sa mhír seo ina bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí i gcomhréir le hAirteagail […] **74 go 76 [forbairt chríochach** agus **comhar áitiúil**] de Rialachán (AE) [Rialachán CNR]. Féadfar gealltanas maidir le cistiú tiomnaithe chun na críche sin a chuimsiú i gcur chuige comhtháite den sórt sin agus féadfar é a chuimsiú i gcaibidlí tiomnaithe den Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.

***Airteagal 4a***

**Nuálaíocht agus claochlú réigiúnach**

**Féadfaidh na Ballstáit aghaidh a thabhairt ina bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí ar an ngá atá le hiomaíochas réigiúnach agus acmhainneachtaí nuálaíochta a neartú, d'fhonn fás agus fostaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn, agus riachtanais réigiúnacha agus, i gcás inarb iomchuí, straitéisí um speisialtóireacht chliste agus straitéisí um aistriú cóir á gcur san áireamh. Féadfaidh an tacaíocht sin rannchuidiú leis an mbonn tionsclaíoch a neartú, agus aird ar leith á tabhairt ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), ar an earnáil seirbhísí, ar an aistriú digiteach a chur chun cinn, ar thaighde agus nuálaíocht a chothú, ar scaipeadh nuálaíochta ar fud réigiún agus críoch a chur chun cinn, ar rochtain ar mhaoiniú a éascú agus ar tharraingteacht críoch a fheabhsú.**

*Airteagal 4b*

**Ceart fanachta**

**Chun rannchuidiú leis an gcuspóir a leagtar amach in Airteagal 3(1)(a)(i) de Rialachán (AE) [Rialachán CNR], tacóidh CFRE, i gcás inarb iomchuí, le bearta a bhfuil sé d'aidhm acu tarraingteacht na gcríoch ar fud an Aontais a chothú chun tacú leis an gceart fanachta, go háirithe i gcríocha ina bhfuil fás marbhánta nó ina bhfuil an fás ag meath, ina bhfuil dúshláin slándála nó bagairtí hibrideacha, nó críocha atá ag bánú, trí straitéisí comhtháite forbartha críochaí lena gcumhdaítear réimsí amhail iomaíochas, digiteáil, rochtain ar sheirbhísí poiblí agus ar sheirbhísí bunriachtanacha eile, nascacht, bonneagar agus forbairt an chaipitil dhaonna.**

*Airteagal 5*

**Forbairt inbhuanaithe uirbeach**

**De bhun Airteagal 75 de Rialachán (AE) [CNR]**, mar chuid dá bhforbairt chríochach, tacóidh na Ballstáit le straitéisí comhtháite forbartha uirbí lena ndíreofar ar an bhforbairt inbhuanaithe agus lena rachfar i ngleic le dúshláin chomhshaoil, fuinnimh agus aeráide, go háirithe an t-aistriú cothrom i dtreo geilleagar glan, aeráidneodrach agus athléimneach faoi 2050, […] **trí, i gcás inarb ábhartha, aghaidh a thabhairt ar an méid seo: an tsoghluaisteacht uirbeach**, tithíocht, bochtaineacht, **athléimneacht agus slándáil shibhialta, pobail uirbeacha díothacha, cúram sláinte agus rochtain ar sheirbhísí poiblí**, oidhreacht chultúrtha agus leas a bhaint as acmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha chun críoch nuálaíochta agus éifeachtúlachta fuinnimh, chun tacú le forbairt limistéar uirbeach feidhmiúil, chomh maith le tacú le naisc idir limistéir uirbeacha agus thuaithe. **Beidh ceapadh agus cur chun feidhme na straitéisí sin solúbtha agus comhréireach i gcónaí, agus cuirfear acmhainneacht riaracháin agus sainiúlachtaí críochacha gach Ballstáit san áireamh sa mhéid sin.**

*Airteagal 6*

**Na réigiúin is forimeallaí**

Bunófar bearta sna Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí chun tacaíocht struchtúrach a chumhdach […] **don** fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chríochach agus chun costais oibriúcháin nó cúiteamh a chumhdach **le haghaidh na réigiún is forimeallaí**, lena n-áirítear soláthar seirbhísí faoi oibleagáid seirbhíse poiblí agus conarthaí sna réigiúin sin d'fhonn na costais bhreise arna dtabhú sna réigiúin is forimeallaí mar thoradh ar cheann amháin nó níos mó de na srianta buana forbartha a liostaítear in Airteagal 349, an chéad mhír, CFAE, a fhritháireamh.

# CAIBIDIL II

# Plean um Interreg

*Airteagal 7*

**Raon feidhme**

1. Díreoidh Interreg ar thacaíocht a thabhairt do na sraitheanna comhair seo a leanas:

   (a) comhar idir réigiúin chóngaracha chun forbairt réigiúnach chomhtháite chomhchuí a chur chun cinn idir réigiúin teorann talún agus mhuirí chomharsanacha (comhar trasteorann);

   (b) comhar thar chríocha trasnáisiúnta móra nó timpeall imchuacha farraige, lena mbaineann comhpháirtithe náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla sna Ballstáit agus i Stáit nach Ballstáit iad d'fhonn leibhéal níos airde comhtháthaithe chríochaigh a bhaint amach (comhar trasnáisiúnta);

(c) comhar chun éifeachtacht an bheartais comhtháthaithe […] (comhar idir-réigiúnach) a threisiú, **trí na nithe seo a leanas a chur chun cinn**:

**(i) fothú acmhainneachta trí dhea-chleachtais agus cineálacha cur chuige nuálacha a shainaithint agus a mhalartú d'fhonn iad a aistriú i mbeartais forbartha réigiúnaí agus, i gcás inarb ábhartha, i bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí lena dtacaítear leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3(1) den Rialachán maidir le Pleananna CNR agus leis na cuspóirí Interreg-shonracha dá dtagraítear i mír 4 ('Interreg na hEorpa');**

**(ii) cuir chuige nuálacha a fhorbairt agus a scaipeadh chun acmhainneacht riaracháin agus institiúideach údaráis Interreg a neartú, tacú le cur chun feidhme comhchuibhithe agus simplithe chaibidlí den Phlean um Interreg agus caipitliú thorthaí Interreg ('INTERACT') a chur chun cinn;**

**(iii) malartú taithí agus fothú acmhainneachta maidir le forbairt uirbeach nuálach inbhuanaithe chomhtháite ar an leibhéal áitiúil, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht cathracha beaga agus meánmhéide agus limistéar uirbeach, i gcomhordú agus i gcomhlántacht leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i Rialachán (AE) XXX (Pleananna CNR), Iarscríbhinn XV a rannchuidíonn le hardán chathracha an Aontais ('URBACT');**

**(iv) fianaise chríochach a sholáthar trí anailís, sonraí agus léarscáileanna a fhorbairt, chun an nasc idir an taighde agus beartais a thacaíonn le cuspóir an chomhtháthaithe chríochaigh ('ESPON');**

(d) comhar i measc na réigiún is forimeallaí agus lena Stáit chomharsanachta nach Ballstáit iad nó le heagraíochtaí um lánpháirtiú agus comhar réigiúnach chun a lánpháirtiú réigiúnach agus a bhforbairt chomhchuí ina gcomharsanacht a éascú (comhar na réigiún is forimeallaí).

Mura leagtar síos ceanglais shonracha sa Rialachán seo, déanfar comhar idir dhá chomhpháirtí Eorpacha nó níos mó, nach Ballstáit ná a réigiúin iad, i gcomhréir leis na rialacha sonracha a leagtar amach i Rialachán XX [An Eoraip Dhomhanda].

2. Na caibidlí den Phlean um Interreg lena dtacaítear le comhar trasteorann, comhar trasnáisiúnta agus comhar idir-réigiúnach, cuirfear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte iad. Maidir le ranníocaíochtaí ón Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda a chuimsítear i gcaibidlí lena dtacaítear le comhar na réigiún is forimeallaí, féadfar iad a chur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte nó faoi bhainistíocht indíreach. Féadfaidh na **caibidlí** […] comhair dá dtagraítear i mír 1 atá cómhaoinithe ag an gCiste […] ranníocaíochtaí a fháil ó na colúin dá dtagraítear i bpointí (a) […] **go** (e) d'Airteagal 3(1) de Rialachán XX [an Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda].

3. **[**Beidh feidhm ag na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) [Rialachán CNR] maidir leis an bPlean um Interreg, ach amháin i gcás ina leagtar amach rialacha níos sonraí sa Rialachán seo maidir le cur chun feidhme an Phlean um Interreg.**]**

4. Sa bhreis ar na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(**1**), pointí (a)**, (c) agus (e)** […], de Rialachán (AE) [Rialachán CNR], tacóidh **an Plean** um Interreg **ina iomláine** leis na **cuspóirí Interreg-shonracha** 'rialachas comhair níos fearr', 'Eoraip níos sábháilte agus níos sláine' agus 'réigiúin níos athléimní atá ar theorainn na Rúise, na Bealarúise […] **nó** na hÚcráine' **i gcomhréir le hAirteagal 8(3)(b)**.

5. I gcás […] **PEACEPLUS**, i gcás ina bhfuil sé ag gníomhú ar mhaithe leis an tsíocháin agus leis an athmhuintearas, rannchuideoidh CFRE, mar chuspóir sonrach faoi chuspóir ginearálta (a) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) [Rialachán CNR], leis an gcobhsaíocht shóisialta, eacnamaíoch agus réigiúnach a chur chun cinn sna réigiúin lena mbaineann, go háirithe trí ghníomhaíochtaí chun comhtháthú idir pobail a chur chun cinn.

6. […]

*Airteagal 7a*

**Cumhdach geografach le haghaidh comhar trasteorann**

1. **Maidir le comhar trasteorann, is é a bheidh sna réigiúin atá le tacaíocht a fháil ón gCiste faoin bPlean um Interreg réigiúin leibhéal NUTS 3 an Aontais ar feadh gach teorann talún inmheánaí agus seachtraí le tríú tíortha nó le tíortha comhpháirtíochta agus gach réigiún leibhéal NUTS 3 de chuid an Aontais ar feadh teorainneacha muirí nach bhfuil níos mó ná 150 km den fharraige ó chéile, gan dochar do choigeartuithe féideartha is gá chun comhchuibheas agus leanúnachas réimsí caibidle den Phlean um Interreg a áirithiú agus i gcás ina bhféadfar idirghníomhaíocht trasteorann a dhéanamh go héifeachtach.**

2. **Féadfar réigiúin san Iorua, san Eilvéis agus sa Ríocht Aontaithe arb ionann iad agus réigiúin de leibhéal NUTS 3 mar aon le hAndóra, Lichtinstéin, Monacó agus San Mairíne a chumhdach le caibidlí den Phlean um Interreg maidir le comhar trasteorann inmheánach.**

3. **Maidir le comhar trasteorann seachtrach, is é a bheidh sna réigiúin atá le tacaíocht a fháil ón Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda na réigiúin de leibhéal NUTS 3 de chuid na tíre comhpháirtíochta lena mbaineann nó, murab ann d'aicmiú NUTS, limistéir choibhéiseacha feadh gach teorann talún agus muirí idir na Ballstáit agus na tíortha comhpháirtíochta atá incháilithe faoin Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda, gan dochar do na coigeartuithe féideartha is gá chun comhchuibheas agus leanúnachas réimsí caibidle den Phlean um Interreg a áirithiú.**

*Airteagal 7b*

**Cumhdach geografach le haghaidh comhar trasnáisiúnta**

1. **Maidir le comhar trasnáisiúnta, is iad na réigiúin a gheobhaidh tacaíocht ón gCiste faoin bPlean um Interreg réigiúin leibhéal NUTS 2 an Aontais, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, lena gcuimsítear limistéir thrasnáisiúnta níos mó, agus straitéisí macrairéigiúnacha nó straitéisí imchuach farraige á gcur san áireamh, i gcás inarb infheidhme.**

2. **Arna iarraidh sin don Bhallstát nó do na Ballstáit lena mbaineann nuair a bheidh caibidil maidir le comhar trasnáisiúnta á tíolacadh acu, féadfar ceann amháin nó níos mó de na réigiúin is forimeallaí de chuid an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann a áireamh sa chaibidil sin..**

3. **Féadfar na críocha seo a leanas, cibé acu a fhaigheann nó nach bhfaigheann siad tacaíocht ó bhuiséad an Aontais, a chumhdach le caibidlí comhair thrasnáisiúnta:**

   (a) **réigiúin san Íoslainn, san Iorua, san Eilvéis agus sa Ríocht Aontaithe agus in Andóra, i Lichtinstéin, i Monacó agus i San Mairíne;**

   (b) **TCTLanna;**

   (c) **Oileáin Fharó;**

   (d) **réigiúin i dtíortha comhpháirtíochta faoin Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda.**

4. **Réigiúin de leibhéal 2 NUTS nó, murab ann d'aicmiú NUTS, limistéir choibhéiseacha a bheidh sna Stáit nach Ballstáit iad agus na réigiúin dá dtagraítear i mír 3.**

*Airteagal 7c*

**Cumhdach geografach le haghaidh comhar idir-réigiúnach**

1. **Maidir le comhar idir-réigiúnach, tabharfar tacaíocht, ón gCiste tríd an bPlean um Interreg, do chríoch iomlán an Aontais, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí.**

2. **Féadfar críoch iomlán Stát nach Ballstáit iad nó cuid di a chumhdach le caibidlí maidir le comhar idir-réigiúnach.**

*Airteagal 7d*

**Cumhdach geografach le haghaidh chomhar na réigiún is forimeallaí**

1. **Maidir le comhar na réigiún is forimeallaí, gheobhaidh na réigiúin uile a liostaítear sa chéad mhír d'Airteagal 349 CFAE tacaíocht ón gCiste tríd an bPlean um Interreg.**

2. **Féadfar Stáit nach Ballstáit iad nó codanna díobh a chumhdach le caibidlí den Phlean um Interreg a bhaineann leis na réigiúin is forimeallaí.**

*[Airteagal 7e*

**Acmhainní arna leithdháileadh ar an bPlean um Interreg in aghaidh na sraithe]**

*Airteagal 8*

**Ceanglais maidir leis na caibidlí den Phlean um Interreg**

1. Beidh na caibidlí den Phlean um Interreg sa Phlean um Interreg. Comhfhreagróidh gach caibidil do chomhar i limistéar geografach ar leith.

**1a. Déanfaidh na Ballstáit rannpháirteacha agus, i gcás inarb infheidhme, na Stáit nach Ballstáit iad caibidil den Phlean um Interreg a ullmhú i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach san Iarscríbhinn.**

**1b. Déanfaidh na Ballstáit rannpháirteacha agus, i gcás inarb infheidhme, na Stáit nach Ballstáit iad caibidil den Phlean um Interreg a ullmhú i gcomhar leis na comhpháirtithe ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 6 de [Rialachán CNR]. Agus caibidlí á n-ullmhú faoin tsraith maidir le comhar trasnáisiúnta lena gcumhdaítear straitéisí macrairéigiúnacha nó straitéisí imchuach farraige, cuirfidh na Ballstáit rannpháirteacha agus na Stáit nach Ballstáit iad agus a réigiúin san áireamh tosaíochtaí téamacha na straitéisí macrairéigiúnacha agus imchuach farraige ábhartha agus rachaidh siad i gcomhairle leis na gníomhaithe ábhartha, agus áiritheoidh siad go n-áireofar na gníomhaithe sin ar leibhéal macrairéigiúnach agus imchuach farraige sa chomhpháirtíocht i gcomhréir le hAirteagal 6 de [Rialachán CNR] ó thús na clárthréimhse.**

2. An Ballstát atá ina óstach ar an údarás bainistíochta ionchasach, cuirfidh sé caibidil den Phlean um Interreg faoi bhráid an Choimisiúin […] **9** mí ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo thar ceann […] na mBallstát rannpháirteach agus na Stát uile nach Ballstáit iad, **a luaithe a bheidh a n-aontacht dearbhaithe i scríbhinn acu maidir leis an ábhar agus leis na hacmhainní airgeadais. Féadfaidh an dearbhú sin a bheith i bhfoirm litreach, miontuairiscí cruinnithe comhairliúcháin arna bhformheas go foirmiúil, nó aon fhormáid eile i scríbhinn.**

3. Leagfar amach i ngach caibidil den Phlean um Interreg na gnéithe seo a leanas i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Déanfar an méid seo a leanas sa chaibidil den Phlean um Interreg:

(a) léiriú a thabhairt ar shraith an chomhair Interreg lena mbaineann agus ar an gclúdach geografach;

(b) tuairisc a thabhairt ar straitéis idirghabhála na caibidle den Phlean um Interreg bunaithe ar anailís shoiléir ar riachtanais chríochacha agus ar bhearnaí sa limistéar a chumhdaítear, na bearta le haghaidh comhair a shainaithint, lena n-áirítear aon bheart le haghaidh forbairt chríochach nó áitiúil […] agus míniú a thabhairt ar an gcaoi a meastar go rannchuideoidh na bearta sin le […] **ceann amháin nó níos mó de na** cuspóirí **sonracha ábhartha** dá dtagraítear i mír 4 d'Airteagal 7 den Rialachán seo […];

(c) liosta de na bearta a chur ar fáil agus tuairisc a thabhairt orthu, lena n-áirítear na cuspóirí ginearálta agus sonracha a shaothraítear go príomha le gach beart agus liosta na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, mar aon lena ndáta táscach críochnaithe le linn na clárthréimhse. Bunófar na táscairí atá beartaithe le haghaidh na spriocanna ar na táscairí aschuir arna liostú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán XX [Feidhmiúchán] […]**, ach amháin mura bhfuil aon cheann de na táscairí sin leordhóthanach, i gcomhréir le hAirteagal 14(2) de Rialachán (AE) 202X/XXXX [an Rialachán maidir le Feidhmiúchán]**;

(d) costais iomlána mheasta na mbeart a leagan amach, **le haghaidh uasmhéid is comhionann le suim na ranníocaíochta airgeadais ón Aontas ar a laghad, cé is moite de chúnamh teicniúil, agus an ranníocaíocht náisiúnta** mar aon le faisnéis maidir le maoiniú reatha nó beartaithe an Aontais i gcás inarb ábhartha, agus é mar thaca leis sin údar iomchuí agus mínithe ar an gcaoi a bhfuil na costais sin i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta, le bainistíocht fhónta airgeadais agus i gcomhréir leis an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a mheastar a bheidh ann;

(e) […] **tuairisc a thabhairt ar na** socruithe maidir le […] faireachán éifeachtach a dhéanamh ar an gcaibidil den Phlean um Interreg agus maidir lena chur chun feidhme éifeachtach, lena n-áirítear na húdaráis fhreagracha agus […] an **coiste** faireacháin […] arna gcruthú lena léirítear an cuspóir córas láidir rialachais […] **il-leibhéil** a bhunú bunaithe ar phrionsabal na comhpháirtíochta, agus an cur chuige atá beartaithe maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht freisin i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i Rialachán xx [An Rialachán Feidhmíochta];

(f) comhpháirtíocht agus malartú eolais a chur chun cinn trí na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo a leagan amach, an chaoi ar roghnaíodh iad, an chaoi ar áirithíodh a n-ionadaíochas agus an chaoi a léirítear a n-ionchur sa chaibidil den Phlean um Interreg i gcomhréir leis an gcód iompair maidir le comhpháirtíocht, agus trí achoimre a chuimsiú ar an bpróiseas comhairliúcháin a rinneadh chun an chaibidil den Phlean um Interreg a ullmhú;

(g) cionroinnt dliteanas i measc na mBallstát rannpháirteach agus, i gcás inarb infheidhme, na Stát nach Ballstáit iad a leagan amach, i gcás ceartuithe airgeadais arna bhforchur ag an údarás bainistíochta nó ag an gCoimisiún i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear Ciste […] agus a leagtar amach in **Airteagal 68 de** Rialachán (AE) [Rialachán CNR];

(h) míniú a thabhairt ar na socruithe agus ar na córais chun a áirithiú go mbainfear úsáid thráthrialta, éifeachtach agus éifeachtúil as acmhainní an Aontais, i gcomhréir le bainistíocht fhónta airgeadais agus le cosaint leasanna airgeadais an Aontais.

**3a. Is iad na bearta ar tionscnaíodh a gcur chun feidhme ón 1 Eanáir 2028, nó an dara céim de bhearta dá dtagraítear in Airteagal 79 de [Rialachán CNR], agus iad sin amháin, a bheidh incháilithe do mhaoiniú ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo agus sa Rialachán [maidir le Pleananna CNR].**

*Airteagal 9*

**Formheas agus leasú an Phlean um Interreg**

1. **Tabharfar de chumhacht** don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta **scrúdúcháin** dá dtagraítear in Airteagal […] **14(2)** [Nós Imeachta Coiste], ina leagfar amach an méid seo a leanas:

   (a) liosta na gcaibidlí den Phlean um Interreg, ainmniú limistéir **gheografacha** na caibidle ábhartha agus an leithdháileadh táscach ón gCiste **ar gach caibidil** agus, i gcás inarb infheidhme, ón Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda agus **na rialacha sonracha maidir le réamh-mhaoiniú do na caibidlí den Phlean um Interreg a thacaíonn le comhar maidir le teorainneacha seachtracha**;

   (b) i gcás inarb iomchuí, **cur chuige comhsheasmhach** agus socruithe mionsonraithe a áirithiú, lena gcumhdaítear módúlachtaí sonracha cur chun feidhme a bhaineann le Interreg […] a mhéid a bhaineann le: **ról agus cúraimí an chomhpháirtí cinn; cistí do thionscadail bheaga, comhpháirtíocht faoi chuimsiú oibríochtaí Interreg, fíoruithe bainistíochta agus iniúchtaí; na ceanglais a bhaineann le grúpaí iniúchóirí agus rialaitheoirí; na módúlachtaí le haghaidh costála, lena n-áirítear úsáid roghanna costais simplithe agus forbairt chríochach chomhtháite a chur chun feidhme lena n-áirítear straitéisí Forbartha Áitiúla Faoi Stiúir an Phobail.**

   **Is é a bheidh sna gnéithe cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 an chuid ghinearálta den Phlean um Interreg.**

**1a.** Bunófar na gnéithe dá dtagraítear […] i mír **1**, pointe (a) ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag gach Ballstát maidir leis an gcaoi atá beartaithe acu chun a sciar de leithdháileadh an Phlean um Interreg a dháileadh **de réir caibidle** de bhun na modheolaíochta a bhunaítear in Iarscríbhinn […] **III** [Modheolaíocht chun an ranníocaíocht airgeadais **an Aontais** le haghaidh gach Ballstáit faoin […] **bPlean um Interreg** a ríomh] a ghabhann le Rialachán (AE) [Rialachán CNR].

[…]

1b. **Féadfaidh gach Ballstát oiread agus 20 % dá leithdháileadh le haghaidh gach ceann de na sraitheanna dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) d'Airteagal 7(1) a aistriú chuig ceann amháin nó níos mó de na sraitheanna dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (d) d'Airteagal 7(1).**

2. **Ar thíolacadh caibidil an Phlean um Interreg don Bhallstát atá ina óstach ar an údarás bainistíochta, i gcomhréir le mír 2 d'Airteagal 8**, déanfaidh an Coimisiún na caibidlí den Phlean um Interreg nó an **chaibidil** leasaithe den Phlean um Interreg a mheasúnú. Agus a mheasúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún, fíoróidh sé go gcomhlíonann an chaibidil den Phlean um Interreg na ceanglais uile in Airteagal […] **8** agus go leanann sí an teimpléad a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo [teimpléad den chaibidil den Phlean um Interreg]. Féadfaidh an Coimisiún barúlacha a thabhairt agus faisnéis bhreise a iarraidh. […]**Cuirfear** an sprioc-am maidir leis an bhformheas **ar fionraí** ón lá tar éis an dáta a sheolfaidh an Coimisiún a bharúlacha nó a iarraidh ar dhoiciméid athbhreithnithe chuig an mBallstát agus go dtí go dtabharfaidh an Ballstát freagra ar an gCoimisiún.

3. I gcás ina **gcomhlíonann an caibidil** […] na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8 […], **glacfaidh** an Coimisiún **cinneadh** trí bhíthin gníomh cur chun feidhme […] **lena bhformheasfar caibidil** an Phlean um Interreg […] **tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis dháta a thíolactha.**

4. […] Féadfaidh an Ballstát atá ina óstach ar údarás bainistíochta **caibidle iarraidh chuí-réasúnaithe ar leasú ar an gcaibidil den Phlean um Interreg a thíolacadh. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhlíonadh an leasaithe arna iarradh le hAirteagal 8 agus féadfaidh sé barúlacha a thabhairt agus faisnéis bhreise a iarraidh. Cuirfear an sprioc-am maidir le formheas an Choimisiúin ar fionraí ón lá tar éis an dáta a sheolfaidh an Coimisiún a bharúlacha nó a iarraidh ar dhoiciméid athbhreithnithe chuig an mBallstát agus go dtí go dtabharfaidh an Ballstát freagra ar an gCoimisiún. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme lena bhformheasfar na leasuithe ar an gcaibidil den Phlean um Interreg agus lena leasófar an cinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 3 tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis an dáta a thíolacfar an iarraidh ar leasú.**

**4a. Ní gá an cinneadh ón gCoimisiún lena bhformheastar an chaibidil den Phlean um Interreg a ghlacadh i gcás ceartúcháin de chineál cléireachais nó eagarthóireachta amháin nó i gcás mionchoigeartuithe ar an gcaibidil den Phlean um Interreg, arb ionann iad agus méadú nó laghdú is lú ná 15 % ar sprioc a leagtar amach sa chaibidil den Phlean um Interreg. Ní chuirfidh an t-údarás bainistíochta na rialacha sin i bhfeidhm ach uair amháin in aghaidh na sprice go dtí go ndéanfar an chéad chinneadh eile maidir leis an gcaibidil den Phlean um Interreg a leasú agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi na coigeartuithe sin.**

5. Leagfar amach an méid seo a leanas sa **Chinneadh ón gCoimisiún** […] dá bhforáiltear i míreanna 3 agus 4 le haghaidh gach caibidle den Phlean um Interreg:

(a) costais mheasta iomlána na caibidle den […] **Phlean** um Interreg;

(b) méid na ranníocaíochta airgeadais ó Rialachán (AE) [Rialachán CNR] agus, i gcás inarb infheidhme, méid na ranníocaíochta airgeadais ón Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda agus méid na ranníocaíochta náisiúnta ó […] **thíortha nach Ballstáit iad**;

(c) méid na ranníocaíochta iomláine ón Aontas in aghaidh na bliana, dá dtagraítear in Airteagal 14 [gealltanas] de Rialachán (AE) [Rialachán CNR];

(d) méid an réamh-mhaoinithe atá le híoc agus cé acu atá an réamh-mhaoiniú le híoc ina iomláine i mbliain formheasa na caibidle nó ina thráinsí i gcomhréir le mír 2 d'Airteagal 17 de Rialachán (AE) [Rialachán CNR].

**Áiritheoidh na Ballstáit go leanfaidh méid na gcostas measta iomlána a bhaineann leis an gcaibidil den Phlean um Interreg de bheith réasúnta agus inchreidte agus iad á gcur chun feidhme, i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais.**

**Féadfaidh an Ballstát agus, i gcás inarb infheidhme, an Stát nach Ballstát é atá rannpháirteach sa chaibidil den Phlean um Interreg a chinneadh na luachanna íocaíochta amach a chur i leataobh le haghaidh athchóirithe ó infheistíochtaí.**

6. Is éard a bheidh sa chinneadh **dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4** lena bhformheastar an chaibidil ábhartha den Phlean um Interreg nó **an leasú lena mbaineann** cinneadh maoiniúcháin de réir bhrí Airteagal 110(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus is gealltanas dlíthiúil a bheidh san fhógra faoin gcinneadh sin a thabharfar don Bhallstát atá ina óstach ar an údarás bainistíochta.

7. Maidir le méid na ranníocaíochta airgeadais ón Aontas, méid na ranníocaíochta náisiúnta ó na[…] **Ballstáit** agus ó thíortha nach Ballstáit iad agus méid an chómhaoinithe náisiúnta atá beartaithe faoin gcaibidil den Phlean um Interreg, ní rachaidh siad ina n-iomláine, thar chostais iomlána mheasta na caibidle.

*Airteagal 10*

**Feidhmeanna na n-údarás atá freagrach as caibidil […] maidir leis an bPlean um Interreg**

1. Na Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, na Stáit nach Ballstáit iad atá rannpháirteach i gcaibidil den Phlean um Interreg, sainaithneoidh siad údarás bainistíochta aonair agus údarás iniúchóireachta aonair don **chaibidil sin den Phlean um Interreg** a bheidh lonnaithe sa Bhallstát céanna. […]

**Chun leanúnachas agus costéifeachtacht a áirithiú, féadfaidh na Ballstáit cur leis na struchtúir agus na hinstitiúidí rialachais atá ann cheana.**

2. Sa bhreis ar Airteagal […] **51** de Rialachán (AE) [Rialachán CNR], […] beidh […]**an t-**údarás bainistíochta de chaibidil den Phlean um Interreg freagrach as […] gach gcaibidil a bhainistiú d'fhonn a cuspóirí a bhaint amach agus beidh sé freagrach as an méid seo a leanas:

(a) iarratais ar íocaíocht le haghaidh na caibidle den Phlean um Interreg a tharraingt suas agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal […]**65 [Iarratais ar íocaíocht a chur isteach agus measúnú a dhéanamh orthu**] **agus an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XI** de Rialachán (AE) [Rialachán CNR];

(b) réamh-mheastacháin a sholáthar maidir leis an méid le haghaidh iarratais ar íocaíocht atá le cur isteach le haghaidh na bliana féilire reatha agus le haghaidh na bliana féilire ina dhiaidh sin faoin […] **31 Eanáir** agus faoin 31 Iúil i gcomhréir leis an teimpléad in Iarscríbhinn X [réamh-mheastacháin íocaíochta] a ghabhann le Rialachán (AE) [Rialachán CNR];

(c) an dearbhú bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal […] **59(1)** pointe […] **(c)** [Pacáiste dearbhaithe bliantúil] de Rialachán (AE) [Rialachán CNR] a shíniú agus a sholáthar i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán sin;

(d) na doiciméid uile a iarrtar mar chuid den phacáiste dearbhaithe bliantúil dá dtagraítear in Airteagal […] **59** [**tíolacadh an** phacáiste bliantúil dearbhaithe] de Rialachán (AE) [Rialachán CNR] a chomhordú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

**(e) a áirithiú go leagtar amach na hoibleagáidí maidir le haisghabhálacha sa doiciméad a sholáthraítear don chomhpháirtí cinn nó don chomhpháirtí aonair dá dtagraítear in Airteagal 51(1)(i) de Rialachán (AE) [Rialachán CNR] freisin.**

**Féadfaidh an Ballstát atá ina óstach ar an údarás bainistíochta an cúram dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) de mhír 1 seo a chur de chúram ar chomhlacht eile atá faoi fhreagracht an údaráis bainistíochta. Déanfaidh an t-údarás iniúchóireachta na doiciméid a leagtar amach i bpointe (d) de mhír 1 a tharraingt suas agus a sholáthar don údarás bainistíochta.**

3. Féadfaidh an Ballstát agus, i gcás inarb infheidhme, an tír nach Ballstát í atá rannpháirteach sa chaibidil den Phlean um Interreg, a chinneadh go ndéanfaidh gach Ballstát agus **gach tír nach Ballstát í** comhlacht atá freagrach as an bhfíorú sin […] **ar** a chríoch **(an 'rialaitheoir')** a shainaithint chun na fíoruithe bainistíochta, dá dtagraítear in Airteagal **51** [feidhm an údaráis bainistíochta] de Rialachán (AE) [Rialachán CNR] a dhéanamh. **Beidh aon rialaitheoir neamhspleách ó thaobh feidhme de ar an údarás iniúchóireachta nó ar aon chomhalta** den **[…] ghrúpa iniúchóirí. I gcás inar cinneadh go ndéanann rialaitheoirí sainaitheanta na fíoruithe bainistíochta de bhun na chéad fomhíre, deimhneoidh an t-údarás bainistíochta dó féin go ndearna rialaitheoir sainaitheanta na fíoruithe bainistíochta.**

**Gach Ballstát agus gach Stát nach Ballstát é, beidh sé freagrach as na fíoruithe a dhéantar ar a chríoch.**

4. […] **Tabharfaidh an rúnaíocht chomhpháirteach cúnamh** don údarás bainistíochta agus don choiste faireacháin a bhfeidhmeanna éagsúla a chomhlíonadh. Soláthróidh an rúnaíocht chomhpháirteach faisnéis freisin do thairbhithe ionchasacha maidir le deiseanna cistiúcháin faoi […] **chaibidlí** den Phlean um Interreg agus tabharfaidh sí cúnamh do thairbhithe agus do chomhpháirtithe oibríochtaí a chur chun feidhme.

5. Sa bhreis ar na rialacha a leagtar síos in Airteagal […] **53** [feidhmeanna an údaráis iniúchóireachta] de Rialachán (AE) [Rialachán CNR], chun críoch na gcaibidlí den Phlean um Interreg, i gcás nach bhfuil an t-údarú ag an údarás iniúchóireachta a chúraimí a dhéanamh sa chríoch iomlán a chumhdaítear […] **faoin gcaibidil**, tabharfaidh grúpa iniúchóirí atá comhdhéanta d'ionadaí ó gach Ballstát agus, i gcás inarb infheidhme, ó Stáit nach Ballstáit iad atá rannpháirteach sa […] **chaibidil den Phlean um** Interreg cúnamh dó. **Sna cásanna sin**, gach Ballstát agus, i gcás inarb infheidhme, gach Stát nach Ballstát é, beidh sé freagrach as na hiniúchtaí a dhéantar ar a chríoch.

6. […]

*Airteagal 10a*

**An coiste faireacháin agus an coiste stiúrtha**

1. **Déanfaidh na Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, na tíortha nach Ballstáit iad atá rannpháirteach sa chaibidil sin den Phlean um Interreg, coiste a chur ar bun, i gcomhaontú leis an údarás bainistíochta don chaibidil sin, chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na caibidle ábhartha den Plean um Interreg ('coiste faireacháin') laistigh de 3 mhí ón dáta a thugtar fógra do na Ballstáit faoin gcinneadh ón gCoimisiún lena bhformheastar caibidil den Phlean um Interreg de bhun Airteagal 9. Féadfaidh an coiste faireacháin sin coiste stiúrtha amháin nó níos mó a chur ar bun, a bheidh ag feidhmiú faoina fhreagracht, chun oibríochtaí a roghnú. Cuirfidh na coistí stiúrtha prionsabal na comhpháirtíochta i bhfeidhm mar a leagtar amach é in Airteagal 6 de Rialachán (AE) [Rialachán CNR].**

2. **Déanfaidh gach coiste faireacháin a rialacha nós imeachta a ghlacadh. Le rialacha nós imeachta an choiste faireacháin agus, i gcás inarb infheidhme, rialacha nós imeachta an choiste stiúrtha, cuirfear cosc ar aon choinbhleacht leasa agus oibríochtaí Interreg á roghnú agus áireofar iontu forálacha maidir le cearta vótála agus rialacha maidir le freastal ar na cruinnithe.**

3. **Tiocfaidh an coiste faireacháin le chéile uair sa bhliain ar a laghad agus déanfaidh sé athbhreithniú ar na saincheisteanna uile a imríonn tionchar ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme na mbeart a áirítear sa chaibidil den Phlean um Interreg.**

4. **Foilseoidh an t-údarás bainistíochta rialacha nós imeachta an choiste faireacháin agus achoimre ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis araon, lena n-áirítear cinntí, arna bhformheas ag an gcoiste faireacháin ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 64 de Rialachán (AE) [Rialachán CNR].**

*Airteagal 10b*

**Comhdhéanamh an choiste faireacháin**

1. **Maidir le comhdhéanamh an choiste faireacháin a bhaineann le gach caibidil den Phlean um Interreg, comhaontóidh na Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, na tíortha nach Ballstáit iad atá rannpháirteach sa chaibidil sin den Phlean um Interreg é, agus áiritheoidh siad ionadaíocht chothrom den mhéid seo a leanas:**

   **(a) na húdaráis ábhartha;**

   **(b) comhlachtaí arna gcur ar bun go comhpháirteach i limistéar caibidle an Phlean Interreg ina iomláine nó i gcuid de, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, grúpálacha Eorpacha um chomhar críochach arna gcur ar bun de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10]; agus**

   **(c) ionadaithe na gcomhpháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) [Rialachán CNR] ó na Ballstáit agus ó Stáit nach Ballstáit iad.**

   **Cuirfear san áireamh i gcomhdhéanamh an choiste faireacháin líon na mBallstát agus na Stát nach Ballstáit iad atá rannpháirteach sa chaibidil den Phlean um Interreg lena mbaineann.**

2. **Foilseoidh an t-údarás bainistíochta liosta de chomhaltaí an choiste faireacháin ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 64 de Rialachán (AE) [Rialachán CNR].**

3. **Beidh ionadaithe ón gCoimisiún rannpháirteach in obair an choiste faireacháin i gcáil chomhairleach.**

---

[10] **Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le grúpáil Eorpach um chomhar críochach (GECC) (IO L 210, 31.7.2006, lgh. 19-24).**

*Airteagal 10c*

**Feidhmeanna an choiste faireacháin**

**1. Déanfaidh an coiste faireacháin an méid seo a leanas a scrúdú:**

**(a) an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na mbeart a áirítear sa chaibidil den Phlean um Interreg agus maidir le garspriocanna agus spriocanna na mbeart sin a bhaint amach;**

**(b) aon saincheisteanna a dhéanann difear d'fheidhmíocht na caibidle den Phlean um Interreg agus na bearta arna ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin;**

**(c) an dul chun cinn i dtaca le meastóireachtaí a dhéanamh, sintéis meastóireachtaí agus aon bheart leantach mar gheall ar na torthaí;**

**(d) cur chun feidhme faisnéise, gníomhaíochtaí cumarsáide agus infheictheachta;**

**(e) an dul chun cinn i dtaca le fothú acmhainneachta riaracháin i gcás institiúidí poiblí agus tairbhithe, i gcás inarb ábhartha; agus**

**(f) feidhmiú éifeachtach na comhpháirtíochta a mhéid a bhaineann leis an gcaibidil den Phlean um Interreg.**

**2. Formheasfaidh an coiste faireacháin an méid seo a leanas i gcás na caibidle den Phlean um Interreg atá faoina fhreagracht:**

**(a) aon togra le haghaidh leasú ar an gcaibidil den Phlean um Interreg;**

**(b) an mhodheolaíocht agus na critéir chun oibríochtaí a roghnú, lena n-áirítear aon athrú orthu. Beidh na critéir a chuirfear i bhfeidhm agus na nósanna imeachta a úsáidfear neamh-idirdhealaitheach, cuimsitheach agus trédhearcach, agus áiritheofar leo inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas, áiritheofar leo comhionannas inscne, agus cuirfear Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh san áireamh leo.**

**Áiritheofar leis na critéir agus leis na nósanna imeachta [maidir le roghnú na n-oibríochtaí] nach dtiocfaidh oibríochtaí roghnaithe salach ar straitéisí macrairéigiúnacha nó straitéisí imchuach farraige an Aontais nó ar straitéisí críochacha atá ann cheana arna mbunú faoi na Pleananna CNR, nó straitéisí arna mbunú faoin Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda lena gcumhdaítear an limistéar comhair céanna agus go dtabharfar tosaíocht d'oibríochtaí a roghnófar d'fhonn an leas is mó is féidir a bhaint as an rannchuidiú a dhéanfar le cistiú ón Aontas le baint amach chuspóirí na caibidle den Phlean um Interreg agus a bhearta agus le gné chomhair na n-oibríochtaí a chur chun feidhme;**

**(c) an treochlár meastóireachta agus aon leasú air.**

**3. Beidh an coiste faireacháin freagrach as oibríochtaí Interreg a roghnú, i gcomhréir le straitéis agus cuspóirí na caibidle den Phlean um Interreg.**

*Airteagal 10d*

**Oibríochtaí a roghnú**

**1. I gcás ina mbeidh oibríocht á cur chun feidhme go hiomlán nó go páirteach lasmuigh de na limistéir a chumhdaítear sa chaibidil den Phlean um Interreg laistigh nó lasmuigh den Aontas, beidh gá le formheas sainráite an údaráis bainistíochta sa choiste faireacháin nó, i gcás inarb infheidhme, sa choiste stiúrtha chun an oibríocht sin a roghnú.**

**2. I gcás ina mbíonn comhpháirtí amháin nó roinnt comhpháirtithe páirteach san oibríocht, ar comhpháirtithe iad atá lonnaithe ar chríoch Ballstáit nó ar Stát nach Ballstát é nach bhfuil ionadaíocht á déanamh air nó uirthi sa choiste faireacháin, beidh formheas sainráite an údaráis bainistíochta faoi réir formheas i scríbhinn a bheith faighte ón mBallstát nó Stát nach Ballstát é lena mbaineann ina ndearbhófar go n-aisíocfar aon airgead a d'íocfaí go míchuí leis na comhpháirtithe sin. Ina theannta sin, féadfaidh aon cheann de na Ballstáit nó na tíortha nach Ballstáit iad a ndéantar ionadaíocht orthu ar an gcoiste faireacháin an glacadh sin a thabhairt ina dhiaidh sin.**

**3.** **Nuair nach féidir an scríbhinn sin a fháil, déanfaidh an comhlacht a chuireann chun feidhme oibríocht iomlán nó cuid d'oibríocht lasmuigh de limistéar an Phlean um Interreg ráthaíocht a fháil ó bhanc nó ó institiúid airgeadais eile nó ó eintiteas poiblí eile arna fhormheas ag an údarás bainistíochta do mhéid comhfhreagrach na gcistí Interreg a dheonófar. Cuirfear an ráthaíocht sin san áireamh sa doiciméad a chuirfear ar fáil don chomhpháirtí cinn nó don chomhpháirtí aonair ina leagfar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht a thabhairt don oibríocht Interreg.**

**4.** **Agus oibríochtaí á roghnú, fíoróidh an coiste faireacháin nó, i gcás inarb infheidhme, an coiste stiúrtha go bhfuil na hacmhainní agus na sásraí airgeadais is gá ag an tairbhí chun costais oibríochta agus chothabhála a chumhdach, i gcomhréir le hAirteagal 69 (1) den [Rialachán maidir le Pleananna CNR] i gcás oibríochtaí lena gcuimsítear infheistíocht i mbonneagar nó infheistíocht tháirgiúil, ionas go n-áiritheofar a n-inbhuanaitheacht airgeadais.**

*Airteagal 10e*

**Cistí do Thionscadail Bheaga**

**1.** **Ní rachaidh an ranníocaíocht iomlán ó CFRE nó, i gcás inarb infheidhme, ón Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda, le cistí do thionscadail bheaga laistigh de chaibidil den Phlean um Interreg thar 20 % de leithdháileadh iomlán na caibidle den Phlean um Interreg.**

**Gheobhaidh na faighteoirí laistigh de chiste le haghaidh tionscadail bheaga tacaíocht ó CFRE nó, i gcás inarb infheidhme, ón Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda tríd an tairbhí agus cuirfidh siad na tionscadail bheaga chun feidhme laistigh den chiste sin le haghaidh tionscadail bheaga ("tionscadal beag").**

**2.** **Is oibríocht é an ciste do thionscadail bheaga, a bheidh á bhainistiú ag tairbhí, agus a chúraimí agus a luach saothair á gcur san áireamh.**

**Is é a bheidh i gceist le tairbhí ná comhlacht dlíthiúil trasteorann nó GECC nó comhlacht a mbeidh pearsantacht dhlítheanach aige.**

**Roghnóidh an tairbhí na tionscadail bheaga a chuirfidh na faighteoirí chun feidhme de réir bhrí Airteagal 4, mír 5 de[Rialachán CNR]. I gcás nach comhlacht dlíthiúil trasteorann ná GECC é an tairbhí, roghnóidh comhlacht a bhfuil ionadaithe ó dhá thír rannpháirteacha ar a laghad páirteach ann, agus ar Ballstát é ceann amháin díobh ar a laghad, na tionscadail bheaga chomhpháirteacha.**

**3. Sa doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht a thabhairt do chiste le haghaidh tionscadail bheaga, déanfar, i dteannta na n-eilimintí a leagtar síos in Airteagal 10d den Rialachán seo, na gnéithe is gá a leagan amach chun a áirithiú i gcás an tairbhí:**

**(a) go mbunóidh sé nós imeachta roghnúcháin neamh-idirdhealaitheach trédhearcach;**

**(b) go gcuirfidh sé critéir oibiachtúla i bhfeidhm maidir le tionscadail bheaga a roghnú, lena seachnaítear coinbhleachtaí leasa;**

**(c) go ndéanfaidh sé measúnú ar iarratais ar thacaíocht;**

**(d) go roghnóidh sé tionscadail agus go socróidh sé méid na tacaíochta le haghaidh gach tionscadail bhig;**

**(e) go mbeidh sé freagrach as cur chun feidhme na hoibríochta agus go gcoimeádfaidh sé ar a leibhéal gach doiciméad tacaíochta is gá don rian iniúchóireachta; agus**

**(f) go gcuirfidh sé liosta na bhfaighteoirí a bhaineann tairbhe as an oibríocht ar fáil don phobal.**

**Áiritheoidh an tairbhí go gcomhlíonfaidh na faighteoirí na ceanglais cumarsáide a leagtar amach in Airteagal 18 den [Rialachán Feidhmíochta].**

**4. Ní hionann roghnú tionscadal beag agus tarmligean cúraimí ón údarás bainistíochta chuig comhlacht idirmheánach dá dtagraítear in Airteagal 4, mír 4a de [Rialachán CNR].**

*Airteagal 11*

**Forálacha le haghaidh na dTíortha nach Ballstáit iad**

1. Bunóidh an Coimisiún agus na Ballstáit lena mbaineann an ranníocaíocht ó Rialachán (AE) [Rialachán CNR] leis na caibidlí den Phlean um Interreg a gheobhaidh tacaíocht freisin ón Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear tacaíocht le haghaidh na réigiún is forimeallaí. Ní dhéanfar an ranníocaíocht a bhunófar le haghaidh gach Ballstáit a ath-leithdháileadh ina dhiaidh sin idir na Ballstáit lena mbaineann. Leis na ranníocaíochtaí éagsúla ón Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda le caibidlí den Phlean um Interreg cuirfear san áireamh rannpháirtíocht na mBallstát agus thairbhithe na hIonstraime um an Eoraip Dhomhanda. Deonófar an tacaíocht dá bhforáiltear faoi Rialachán (AE) [Rialachán CNR] do chaibidlí maidir le comhar […] seachtrach ar choinníoll go soláthraítear méideanna coibhéiseacha **ar a laghad le haghaidh comhar trasteorann agus go soláthraítear** méideanna comhréireacha […] **le haghaidh comhar trasnáisiúnta idir-réigiúnach agus na réigiún is forimeallaí** leis an Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda.

2. Chun caibidil den Phlean um Interreg a chur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte i Stát nach Ballstát é, tabharfar comhaontú maoiniúcháin i gcrích idir an Coimisiún, a dhéanfaidh ionadaíocht ar an Aontas, agus gach Stát rannpháirteach nach Ballstát é, a ndéantar ionadaíocht dó i gcomhréir lena chreat dlíthiúil náisiúnta**, ach amháin i gcomhthéacs an chomhair trasteorann inmheánaigh, i gcomhréir le hAirteagal 7a(2)**. Measfar an comhaontú maoiniúcháin sin a bheith ina uirlis chun buiséad an Aontais a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

   An Ballstát atá ina óstach ar údarás bainistíochta na caibidle ábhartha den Phlean um Interreg, a bhfuil ionadaíocht á déanamh dó i gcomhréir lena chreat dlíthiúil náisiúnta, féadfaidh sé a bheith ina pháirtí sa chomhaontú maoiniúcháin freisin.

   I gcás ina […] ndéantar Stát nach Ballstát é ranníocaíocht airgeadais **a aistriú** chuig an údarás bainistíochta chun tacú leis an gcaibidil den Phlean um Interreg, seachas […] **aon** 'ranníocaíocht náisiúnta' […] **de réir bhrí Airteagal 20 [Rialachán CNR]**, leagfar amach na rialacha a bhaineann leis an ranníocaíocht náisiúnta sa chomhaontú maoiniúcháin.

Tabharfar aon chomhaontú maoiniúcháin i gcrích faoin 31 Nollaig den bhliain tar éis na bliana a rinneadh an chéad ghealltanas buiséadach agus measfar gur tugadh i gcrích é an dáta a shínigh an comhpháirtí deiridh é. I gcás ina mbaineann caibidil den Phlean um Interreg le níos mó ná tríú tír amháin, tabharfar comhaontú maoiniúcháin amháin ar a laghad i gcrích roimh dháta an tsínithe a shonraítear sa chéad abairt.

3. I gcás inar gá do thairbhí, arb údarás poiblí é atá lonnaithe i Stát nach Ballstát é, conarthaí seirbhíse, soláthair nó oibreacha a sholáthar chun oibríocht a chur chun feidhme, féadfaidh an tairbhí sin ceachtar díobh seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(a) dlíthe, rialacháin agus socruithe riaracháin náisiúnta an Stáit nach Ballstát é lena mbaineann ar choinníoll go gceadaítear é leis an gcomhaontú maoiniúcháin agus go ndámhtar an conradh don tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch, nó, de réir mar is iomchuí, don tairiscint is ísle praghas, agus aon choinbhleacht leasa á seachaint an tráth céanna;

(b) na nósanna imeachta soláthair dá bhforáiltear in Airteagail 181 agus 182 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

*Airteagal 12*

**Acmhainní a chur ar ais agus scor**

1. […] Más rud é, faoin **31 Márta** 2030, nach mbeidh caibidil an Phlean Interreg curtha faoi bhráid an Choimisiúin […], déanfar an ranníocaíocht bhliantúil ón g**Ciste** […] leis an gcaibidil sin den Phlean Interreg a ath-leithdháileadh ar […] **chaibidil amháin nó níos mó** den Phlean um Interreg ina mbeidh na Ball**stáit** […] lena mbaineann […] **rannpháirteach**.

2. Más rud é, faoin 31 Márta 2031, go bhfuil caibidlí den Phlean um Interreg nár cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin fós, déanfar an rannchuidiú ó […] g**Ciste** leis na caibidlí sin den Phlean um Interreg le haghaidh na mblianta atá fágtha suas le 2034, nár ath-leithdháileadh ar chaibidil eile den Phlean um Interreg, a leithdháileadh ar an gcaibidil den Phlean um Interreg a bhfuil an Ballstát lena mbaineann rannpháirteach inti.

3. Scoirfear d'aon chaibidil den Phlean um Interreg atá formheasta cheana ag an gCoimisiún nó laghdófar leithdháileadh na caibidle sin, i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme, go háirithe sna cásanna seo a leanas:

i. […] níor shínigh aon cheann de na tíortha comhpháirtíochta a chumhdaítear le caibidil […] den Phlean um Interreg […] **lena dtacaítear le comhar ar theorainneacha seachtracha** an comhaontú maoinithe ábhartha faoi na sprioc-amanna a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal […] **11(2) den Rialachán seo**; nó

ii. ní féidir an chaibidil den Phlean um Interreg a chur chun feidhme mar a bhí beartaithe mar gheall ar fhadhbanna sa chaidreamh idir na tíortha rannpháirteacha.

I gcásanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír, an ranníocaíocht ó CNR dá dtagraítear i mír 1 a chomhfhreagraíonn do thráthchodanna bliantúla nár gealladh go fóill, nó do thráthchodanna bliantúla a gealladh agus a saoradh go hiomlán nó go páirteach le linn na bliana buiséadaí céanna, nár ath-leithdháileadh ar chaibidil eile den Phlean um Interreg, leithdháilfear an ranníocaíocht sin ar chaibidil eile den Phlean um Interreg ina bhfuil an Ballstát lena mbaineann rannpháirteach.

4. An ranníocaíocht ó [chistí seachtracha] arna laghdú de bhun an Airteagail seo, úsáidfear í i gcomhréir leis an Rialachán [maidir leis an Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda] faoi seach.

*Airteagal 12a*

**Gnóthuithe**

**1. Áiritheoidh an t-údarás bainistíochta i gcaibidil den Phlean um Interreg go ndéanfar aon mhéid a íocadh go míchuí a aisghabháil ar an gcéad dul síos ón gcomhpháirtí cinn nó ón gcomhpháirtí aonair. Déanfaidh comhpháirtithe aon mhéideanna a íocadh go míchuí a aisíoc leis an gcomhpháirtí cinn.**

**2.** **Na Ballstáit, nó, i gcás inarb infheidhme, an Stát nach Ballstát é atá rannpháirteach i gcaibidil ar leith den Phlean um Interreg, féadfaidh siad a chinneadh nach mbeidh sé d'oibleagáid ar an gcomhpháirtí cinn ná ar an gcomhpháirtí aonair agus ar an údarás bainistíochta na caibidle lena mbaineann méid a íocadh go míchuí le haon cheann de na comhpháirtithe, ar méid é nach airde ná EUR 250, gan ús san áireamh, mar ranníocaíocht ón gCiste agus ón Eoraip Dhomhanda le haon oibríocht le linn na bliana airgeadais. Ní gá aon fhaisnéis a sholáthar don Choimisiún seachas faisnéis i dtaobh cinneadh den chineál sin a dhéanamh de bhun na chéad fhomhíre.**

**3.** **I gcás nach n-éireoidh leis an gcomhpháirtí cinn aisíocaíocht a fháil ó chomhpháirtithe eile nó i gcás nach n-éireoidh leis an údarás bainistíochta aisíocaíocht a fháil ón gcomhpháirtí cinn nó ón gcomhpháirtí aonair, déanfaidh an Ballstát nó an Stát nach Ballstáit é a bhfuil an comhpháirtí lena mbaineann lonnaithe ar a chríoch nó ar a críoch ina bhfuil an comhpháirtí lena mbaineann cláraithe, aon mhéideanna a íocadh go míchuí leis an gcomhpháirtí sin a aisíoc leis an údarás bainistíochta. I gcás EGTC, lorgófar freagracht chomhpháirteach na gcomhpháirtithe.**

**4.** **A luaithe a bheidh aon mhéideanna a íocadh go míchuí le comhpháirtí aisíoctha leis an údarás bainistíochta ag an mBallstát, nó i gcás inarb iomchuí, ag an Stát nach Ballstát é, féadfaidh sé leanúint de nós imeachta um ghnóthú, nó nós imeachta den sórt sin a thosú, i gcoinne an chomhpháirtí sin de bhun a dhlí nó a dlí náisiúnta. I gcás ina ndéanfar gnóthú, féadfaidh an Ballstát nó, i gcás inarb infheidhme, an Stát nach Ballstát é na méideanna sin a úsáid le haghaidh ranníocaíocht náisiúnta na caibidle den Phlean um Interreg lena mbaineann. Ní bheidh aon oibleagáidí tuairiscithe ar an mBallstát ná, i gcás inarb infheidhme, ar an Stát nach Ballstát é, i leith na n-údarás atá freagrach, an choiste faireacháin ná an Choimisiúin maidir leis na gnóthuithe náisiúnta sin.**

**5.** **I gcás nach bhfuil aon mhéideanna a íocadh go míchuí le comhpháirtí aisíoctha ag Ballstát nó, i gcás inarb infheidhme, ag an Stát nach Ballstát é, leis an údarás bainistíochta de bhun mhír 4 den Airteagal seo, déanfaidh an t-údarás bainistíochta an fritháireamh sin i leith an Bhallstáit i gcomhréir le cionroinnt na ndliteanas i measc na mBallstát rannpháirteach mar a leagtar amach sa chaibidil den phlean um Interreg.**

**Ansin, déanfaidh an t-údarás bainistíochta an fritháireamh sin i leith an Bhallstáit i gcomhréir le cionroinnt na ndliteanas i measc na mBallstát rannpháirteach mar a leagtar amach sa chaibidil den phlean um Interreg.**

**Maidir le méideanna nach n-aisíocann Stát nach Ballstát é leis an údarás bainistíochta, is le híocaíochtaí a dhéanfar ina dhiaidh sin le cláir faoin Ionstraim um Eoraip Dhomhanda de chuid an Aontais faoi fhreagracht an Choimisiúin a bhainfidh an fritháireamh.**

**I gcás ceartúcháin arna bhforchur ag an gCoimisiún maidir le neamhchomhlíonadh garspriocanna agus spriocanna, déanfar gnóthú na méideanna atá le tabhairt ar ais don chaibidil den Phlean um Interreg lena mbaineann i gcomhréir le cionroinnt na ndliteanas i measc na Stát rannpháirteach.**

**6. Beidh an tAirteagal seo gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin ceartuithe airgeadais a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 68 [Rialachán CNR], de réir mar is iomchuí.**

***Airteagal 12b***

***Iarratais ar íocaíocht a chur isteach***

**I gcomhréir le hAirteagal 65 de Rialachán (AE) [Rialachán CNR], déanfaidh an Coimisiún íocaíochtaí i gcomhréir leis na leithreasuithe buiséid agus faoi réir an chistithe atá ar fáil. Cuirfidh an tÚdarás Bainistíochta le haghaidh na caibidle Interreg iarratas ar íocaíocht faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann le [Rialachán CNR] suas le 10 n-uaire in aghaidh na bliana féilire. Comhfhreagróidh na méideanna a áirítear in iarratas ar íocaíocht do na méideanna a bhfuil údar leo mar gheall ar chomhlíonadh luachanna íocaíochta amach na ngarspriocanna agus na spriocanna comhlíonta, i gcomhréir leis an gcinneadh lena bhformheastar an chaibidil den Phlean um Interreg agus bunaithe ar an bhfianaise arna bailiú agus arna fíorú ag an Údarás Bainistíochta.**

*Airteagal 13*

**[…] PEACEPLUS**

1. Cumhdófar i […]gcaibidil **PEACEPLUS** comhar idir contaetha teorann na hÉireann agus Thuaisceart Éireann, a chuirfear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe araon.

2. Maidir le Comhlacht na gClár Speisialta AE, i gcás ina n-aithneofar gurb é an t-údarás bainistíochta é, measfar é a bheith lonnaithe i mBallstát.

3. An ranníocaíocht airgeadais le gníomhaíochtaí an Aontais ón Ríocht Aontaithe as a rannpháirtíocht i gcaibidil […] **PEACEPLUS**, i bhfoirm ioncaim shannta sheachtraigh dá dtagraítear in Airteagal 21(2), pointe (e), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, beidh sí ina cuid de na leithreasuithe buiséid le haghaidh [Ceannteideal 1, [...], fochlár 'Plean um Interreg'].

   **Beidh an ranníocaíocht sin faoi réir comhaontú maoinithe sonrach leis an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le mír (2) d'Airteagal 11. Beidh an Coimisiún agus an Ríocht Aontaithe mar aon le hÉirinn ina bpáirtithe sa chomhaontú maoinithe sonrach sin.**

4. I gcás ina mbeidh caibidil […] **PEACEPLUS** ag gníomhú ar mhaithe leis an tsíocháin agus leis an athmhuintearas, rannchuideoidh sí freisin le cobhsaíocht shóisialta, eacnamaíoch agus réigiúnach a chur chun cinn sna réigiúin lena mbaineann, go háirithe trí ghníomhaíochtaí chun comhtháthú idir pobail a chur chun cinn.

5. I gcás ina bhfuil caibidil […] **PEACEPLUS** ag gníomhú ar mhaithe leis an tsíocháin agus leis an athmhuintearas, ní fhéadfaidh oibríochtaí lena bhfuiltear ag tacú ach comhpháirtithe ó aon tír rannpháirteach amháin a bheith acu.

# CAIBIDIL III

# Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 14*

**Nós imeachta coiste**

**1.** Tabharfaidh coiste a chuirfear ar bun i gcomhréir le hAirteagal […] **88(1)** [CNR] cúnamh don Choimisiún.

**2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.**

*Airteagal 15*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an […] lá tar éis lá a fhoilsithe in
*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* *Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán* *An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN

## TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH NA CAIBIDLE DEN PHLEAN UM INTERREG

Tagairt/ainm chaibidil an **Phlean** um Interreg **agus Sraith an chomhair Interreg**

**Tagairt: Airteagal 8(3)(a)**

| **CCI** | **Teideal na caibidle** | **Sraith an chomhair Interreg** | **Leagan** |
|---|---|---|---|
| | **Réimse téacs [250]** | **Réimse téacs [250]** | |

[…]

| […] |
|---|

**1. Straitéis maidir leis an gCaibidil den Phlean um Interreg**

**Tagairt: Airteagal 8(3)(b) agus (c)**

[…]

| […] |
|---|

**(a)** Straitéis idirghabhála chaibidil **Phlean** Interreg bunaithe ar anailís shoiléir ar riachtanais chríochacha agus ar bhearnaí sa limistéar a chumhdaítear,

| Réimse téacs [**5**[...] 000] |
|---|

**(b)** Sainaithint na mbeart le haghaidh comhair, lena n-áirítear aon bheart le haghaidh forbairt chríochach nó áitiúil agus míniú ar an gcaoi a bhfuiltear ag súil go rannchuideoidh na bearta sin **le ceann amháin nó níos mó de** […] na cuspóirí **sonracha ábhartha** […] **dá dtagraítear i mír 4 d'Airteagal 7** den Rialachán seo,

| <u>**Aitheantas**</u> **an bhirt** | **Ainm an bhirt** | **[…]** <u>**Príomhchuspóir sonrach**</u> **[…]** <u>**nó cuspóir sonrach Interreg dá dtugtar tacaíocht ***</u> | <u>**Cuspóir sonrach tánaisteach nó cuspóir sonrach Interreg dá dtugtar tacaíocht (más infheidhme)**</u> | **Míniú ar an rannchuidiú** |
|---|---|---|---|---|
| | | | | Réimse téacs [2 000] |

* ***I bhfianaise ghné ilghnéitheach na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe a mhaoinítear le caibidlí den Phlean um Interreg, féadfar gach beart a shannadh do dhá chuspóir shonracha, lena n-áirítear cuspóirí a bhaineann go sonrach le Interreg:**

- **sannadh 'príomhchuspóir' don chuspóir sonrach a bhaineann go príomha leis an mbeart atá i gceist;**
- **sannadh 'tánaisteach' chun fothacar sonrach den phríomhshannadh a ghabháil, na héifeachtaí iarmharta a d'fhéadfadh a bheith ar an dara cuspóir sonrach, nó cineál na dtairbhithe ar a bhfuil an beart dírithe**

## 2. <u>Bearta maidir leis an gcaibidil den Phlean um Interreg</u>

### <u>(a)</u> Tuairisc ar na bearta

Tagairt: Airteagal 8(3)(c) **agus (d)**

| Aitheantas an **bhirt** | **[…] T**eideal an **bhirt** | **Tuairisc ar an mbeart lena n-áirítear na príomhghníomhaíochtaí atá beartaithe agus na spriocghrúpaí dá dtugtar tacaíocht** | **Ranníocaíocht ón Aontas (EUR)** | **Costas measta iomlán (EUR)** |
|---|---|---|---|---|
| | | Réimse téacs [2 000] | | |
| <u>**Cúnamh teicniúil***</u> | | | | |

* ***Arna socrú mar ráta comhréidh i gcomhréir le hAirteagal 13(2) [togra CNR]**

**(b)** **Gné chríochach an bhirt**

Tagairt: Airteagal 14(4) de Rialachán XX [An Rialachán maidir le Feidhmíocht] agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis

| **Aitheantas an bhirt** | **An cineál críche ar a ndírítear** | **An cineál críche ar díríodh uirthi (a) (i gcás inarb infheidhme)** | **Beart le haghaidh réigiún is forimeallaí/na n-oileán beaga Aeigéacha/ceantar tuaisceartach inar tearc an daonra/réigiún teorann san oirthear (i gcás inarb infheidhme)** | **Uirlisí críochacha (i gcás inarb infheidhme)** |
|---|---|---|---|---|
| | [bosca a bhfuil tic le cur ann nó roghchlár anuas]<br>[cód do thoise an chineáil críche:<br>01 Limistéir uirbeacha<br>02 Limistéir thuaithe<br>05 Críocha de chineálacha eile a ndírítear orthu<br>07 Gan spriocdhíriú críochach] | [bosca a bhfuil tic le cur ann nó roghchlár anuas]<br>[cód do thoise an chineáil críche:<br>03 Na limistéir a ndéanann an aistriú tionsclaíoch difear dóibh<br>04 Oileáin agus limistéir chósta] nó<br>**05 Limistéir shléibhtiúla** | [cuir tic sa bhosca le haghaidh gach cineáil críche]<br>[Cód do thoise an chineáil críche:<br>01 Na réigiúin is forimeallaí<br>02 Na hOileáin Bheaga Aeigéacha<br>03 Réigiúin na teorann thoir<br>04 Ceantair thuaisceartacha inar tearc an daonra | [bosca a bhfuil tic le cur ann nó roghchlár anuas]<br>[Cóid le haghaidh ghné an tionscnaimh chríochaigh agus an chomhair áitiúil:<br>01 Forbairt chríochach agus uirbeach chomhtháite<br>02 Forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, lena n-áirítear LEADER<br>03 Uirlisí críochacha eile |
| | | | | |
| | | | | |

**(c) Measúnú comhionannais inscne ar an mbeart**

**Tagairt: Airteagal 13 de Rialachán XX [an Rialachán maidir le Feidhmíocht]**

**Faisnéis faoin gcaoi a gcomhlíonann na bearta a áirítear prionsabal an chomhionannais inscne agus modheolaíocht an phríomhshruthaithe inscne á cur san áireamh.**

| Aitheantas an bhirt | Réimse idirghabhála | Scór comhionannais inscne |
|---|---|---|
| Aitheantas an bhirt 1 | Réimse idirghabhála 1 | Roghchlár anuas<br>scór comhionannais inscne 2<br>scór comhionannais inscne 1<br>scór comhionannais inscne 0 |
| | Réimse idirghabhála 2 | |
| Aitheantas an bhirt 2 | Réimse idirghabhála | |

**(d) Measúnú ar an mbeart 'gan dochar suntasach a dhéanamh'**

**Tagairt: Airteagal 13 de Rialachán XX [an Rialachán maidir le Feidhmíocht]**

| Aitheantas an bhirt | Réimse idirghabhála | Measúnú 'gan dochar suntasach a dhéanamh' [1 000] |
|---|---|---|
| Aitheantas an bhirt 1 | Réimse idirghabhála 1 | |
| | Réimse idirghabhála 2 | |
| Aitheantas an bhirt 2 | | |

| |
|---|
| […] |

## 3. Garspriocanna, spriocanna agus táscairí toraidh

le haghaidh gach birt,

**(a)** Garsprioc**anna,** […] spriocanna **agus amlíne**

**Tagairt: Airteagal 8(3)(c)**

Tábla ina bhfuil garspriocanna, spriocanna agus amlíne le haghaidh na gcaibidlí leis an bhfaisnéis seo a leanas:

<table>
<tr><td>Aitheant as an bhirt</td><td>Ainm an [...] bhirt</td><td>[…]</td><td>Réimse idirghabhála</td><td>Garsprioc nó sprioc (uimhir thagartha)</td><td>[…] Táscaire maidir leis an ngarsprioc/sprioc mar a bhunaítear i Rialachán XXX (an Rialachán Feidhmíochta)/ nó a bhaineann go sonrach le beart ach amháin mura bhfuil aon cheann de na táscairí sin leordhóthanach*</td><td>Amlíne tháscach lena bhaint amach</td><td>[…]<br>[…]</td><td colspan="3">Tuairisc ar gach garsprioc agus gach sprioc<br>[1000]</td><td colspan="2">[…] Luach íocaíochta amach [ábhartha maidir le híocaíochtaí COM leis an údarás bainistíochta] [...]</td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td>Bonnlíne</td><td>Cuspóir</td><td>Ráithe</td><td>Bliain</td><td>[Réimse téacs 1 000]</td></tr>
</table>

* **Mura mbunaítear táscaire i Rialachán XX [an Rialachán Feidhmíochta], is gá an t-aonad tomhais a thabhairt le fios.**

**(b) Táscairí toraidh**

| **Aitheantas an bhirt** | **Réimse idirghabhála** | **Garsprioc nó sprioc (uimhir thagartha)** | **Táscairí toraidh** | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Ainm** | **Bonnlíne** | **Luach measta** | **An bhliain a baineadh amach é** |
| **Beart 1** | **Réimse Idirghabhála 1** | **Aitheantas** | **-Astaíochtaí GCT a seachnaíodh (i gcás inarb ábhartha):**<br>**-Méid na hinfheistíochta a slógadh (i gcás inarb ábhartha):**<br>**—Comhpháirt táscaire eile 1:**<br>**—Comhpháirt táscaire eile 2:**<br>**-(…)** | | | |
| | **Réimse Idirghabhála 2** | **Aitheantas** | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |

**4. Maoiniú agus costais <u>na mbeart</u>**

**Tagairt: Airteagal 8(3)(d)**

**Maidir le gach beart:**

**(a) Costáil na mbeart**

| […] | Aitheantas an bhirt | Athchóiriú/Infheistíocht | Costas […] Measta **Iomlán** (EUR) | **Ranníocaíocht ón Aontas (EUR)** | **An ranníocaíocht náisiúnta dá thairbhe (%)** | | | [...] Réimse idirghabhála | An mhodheolaíocht a úsáideadh agus tuairisc ar chostais […] lena n-áirítear **an fhoinse agus ina luaitear na tionscadail infheistíochta/athchóirithe roimhe seo ar tagarmharcanna iad le haghaidh an mheastacháin costais agus fhoinse na gcostas do na tionscadail sin** […] | Údar maidir le hinchreidteacht agus réasúnaíocht na […] gcostas measta, […] **i gcás inar gá,** agus sonraíochtaí náisiúnta agus modhanna coigeartaithe á gcur san áireamh | **An cineál ionstraime airgeadais [i gcás inarb infheidhme] (ráthaíocht, cothromas nó iasacht** | […] |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | **%** | **Ranníocaíocht phoiblí tháscach (EUR)** | **Ranníocaíocht phríobháideach tháscach (EUR)** | | [3000] | [3000] | | […] |

(b) **Comhlíonadh** […] garspriocanna agus spriocanna a fhíorú

| Aitheantas an bhirt | **Teideal an bhirt** | Garspriocanna/ spriocanna | Tabhair tuairisc ar an doiciméad/na doiciméid nó ar an gcóras a úsáidfear lena fhíorú gur **comhlíonadh** na garspriocanna agus na spriocanna […];<br>Tabhair tuairisc ar an gcaoi a ndéanfar fíoruithe bainistíochta (lena n-áirítear fíoruithe ar an láthair);<br>Tabhair tuairisc ar na socruithe a dhéanfar chun sonraí/doiciméid ábhartha a bhailiú agus a stóráil. | […] **Socruithe chun an rian iniúchóireachta a áirithiú Liostaigh, le do thoil, an comhlacht/na comhlachtaí atá freagrach as na socruithe sin.** |
|---|---|---|---|---|
| | | | [2 000] | [1 000] |

**[…] 5. Socruithe maidir le cur chun feidhme chaibidil Phlean Interreg**

(a) Socruithe chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach a dhéanamh ar an gcaibidil den **Phlean um Interreg**

**Tagairt: Airteagal 8(3)(e)**

**An tÚdarás bainistíochta: tuairisc ar an gcaoi a ndéanfaidh an t-údarás bainistíochta caibidil an Phlean Interreg a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 51 [feidhmeanna an údaráis bainistíochta] den Rialachán CNR agus Airteagal 10 den Rialachán seo**

| |
|---|
| Réimse téacs [**1**[...] 000] |

**An t-údarás iniúchóireachta: tuairisc**

| |
|---|
| **Réimse téacs [1 000]** |

**(aa) Tuairisc ar an gcur chuige atá beartaithe maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht don chaibidil den Phlean um Interreg**

**Tagairt: Airteagal 8(3)(e)**

**Tuairisc ar na socruithe chun infheictheacht an chistithe ón Aontas a áirithiú, go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á gcur chun cinn agus faighteoirí a chur ar an eolas gurb ann do thacaíocht ón Aontas nó iallach a chur ar idirghabhálaithe airgeadais eile faighteoirí deiridh den sórt sin a chur ar an eolas faoin tacaíocht sin.**

| **Réimse téacs [2 000]** |
|---|

**(b)** Socruithe agus córais chun úsáid thráthrialta, éifeachtach agus éifeachtúil acmhainní an Aontais a áirithiú, i gcomhréir le bainistíocht fhónta airgeadais agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais i gcomhréir le hAirteagal **58 CNR** […][Freagrachtaí na mBallstát […]];

**Tagairt: Airteagal 8(3)(h)**

| Réimse téacs [3 000] |
|---|

**(c)** Na údaráis le haghaidh na caibidle den **Phlean um Interreg**

| […] an tÚdarás | Ainm na hinstitiúide[500] | Ainm teagmhála [200] | **Seoladh r-phoist** |
|---|---|---|---|
| An tÚdarás bainistíochta | | | |
| **Údaráis Náisiúnta (i gcás inarb infheidhme)** | | | |
| An tÚdarás iniúchóireachta | | | |
| **Grúpa ionadaithe na n-iniúchóirí** | | | |

**(e)** Achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin a rinneadh chun an chaibidil a ullmhú agus ról na gcomhpháirtithe maidir le cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht

**Tagairt: Airteagal 8(3)(f)**

| Réimse téacs [2 000] |
|---|

**(f)** Tuairisc ar chionroinnt dliteanas i measc na mBallstát rannpháirteach agus, i gcás inarb infheidhme, na Stát nach Ballstáit iad, i gcás ceartuithe airgeadais arna bhforchur ag an údarás bainistíochta nó ag an gCoimisiún

**Tagairt: Airteagal 8(3)(g)**

| Réimse téacs [2 000] |
|---|